AN DEISCIRT & AN OIRTHIR

Tionól Réigiúnach

Ag Cur Chun Cinn ár Réigiúin

Tuarascáil Bhliantúil agus Cuntais **2009**

Cláir Chistí Struchtúracha AE
na hÉireann 2007-2013

Cómhaoinithe ag Rialtas na hÉireann
agus ag an Aontas Eorpach

CISTE FORBRAÍOCHTA
RÉIGIÚNAÍ NA HEORPA

Clár ábhar

Lth.

Teachtaireacht ón Cathaoirleach 2

Ráiteas an tiúrthóra 3

Cúlra 4

Cruinnithe agus Ballraíocht:

- *An Tionól Réigiúnach* 5
- *Fochoistí* 9
- *Coistí Monatóireachta* 12

Ionadaíocht an Tionóil ar Choistí eile 13

Tuarascáil ar dhul chun cinn ar an gClár Oibriúcháin Réigiúnach 2007- 2013 14

Cláir atá á maoiniú ag an AE: Trasteorainn, Comhar Trasnáisiúnta & Idir-réigiúnach (Interreg IVA, IVB & IVC An Clár um Chomhar Críche) 19

Interreg IVA: Clár Comhair Trasteorann

- *Clár Comhair Chríche na hÉireann – na Breataine Bige 2007-2013* 20

Interreg IVB: An Eoraip Thiar-Thuaidh

- *Clár na hEorpa Thiar – Thuaidh 2007-2013* 23
- *Clár an Limistéir Atlantaigh 2007-2013* 25
- *Clár an Imill Thuaidh 2007-2013* 27

Interreg IVC: Comhar Idir-réigiúnach 28

Tionscnamh na dTairseach Atlantach 29

Tuarascáil ar Ghníomhaíochtaí le linn 2009 30

Comhdhálacha/Seimineáir a raibh ionadaithe ón Tionól rannpháirteach iontu 39

Foireann an Tionóil Réigiúnaigh agus Comhrúnaíocht Theicniúil de chuid Clár na hÉireann – na Breataine Bige 40

Ráitis Airgeadais Bhliantúla 43

Teachtaireacht ón gCathaoirleach

An Clr. Kevin Murphy
Cathaoirleach

Mar Chathaoirleach ar Thionóil Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir tá áthas orm an t-aonú tuarascáil déag de chuid Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir mar aon leis an Ráiteas Airgeadais don bhliain 2009 a chur os bhur gcomhair. Cuireadh na Tionóil ar bun sa bhliain 1999 i gcéaduair agus tá forás tagtha orthu le roinnt blianta anuas sa tslí gur eagraíochtaí poiblí a bhfuil taithí fíormhaith acu agus atá rí-thábhachtach do bhainistiú agus do chur chun cinn na forbartha réigiúnaí. Tá ag éirí go geal ar fad leis na Tionóil agus iad ag gabháil do bhainistíú na gclár éagsúil atá á gcomhcistiú ag an AE. Is cláir iad seo a chuireann go mór le forbairt na réigiún.

Le linn 2009 bhí Tionól an Deiscirt agus an Oirthir rannpháirteach i ngníomhaíochtaí a bhain le críoch ar chur ar an Chlár Oibriúcháin Réigiúnach 2000-2006. Is ar chuma fíor-phroifisiúnta a comhlíonadh bainistiú na gclár seo agus is maith liom a chur in iúl gur tarraingíodh na cistí ar fad anuas a leithdháileadh don Réigiún agus gur caitheadh iad go iomchuí, rud a dhéanann tairbhe bhuan don Réigiún.

Bhí an Tionól an-ghnóthach le linn 2009, rud a léirítear sa tuarascáil seo. Ar na hócáidí tábhachtacha a tharla le linn domsa a bheith i mo Chathaoirleach bhí seoladh oifigiúil an pháipéir bheartais "Innovation Challenges for SME's" (Dúshláin Nuálaíochta atá roimh Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide) in Óstán Knightsbrook i mBaile Átha Troim, Co. na Mí ar an 2ú Deireadh Fómhair 2009. Labhair painéal de chainteoirí éagsúla fíorshuimiúla leis an gcomhdháil seo. D'éirigh thar na bearta leis an gcomhdháil agus bhí ráta freastail fíormhaith aici.

Ba mhaith liom buíochas a ghabháil le mo chomhchomhairleoirí sa Tionól agus ar na Coistí as a gcuid comhoibrithe thar an bhliain agus go háirithe leis an té a tháinig romham sa Chathaoir, an Clr. Jim Holloway, as ucht na comhairle agus na cabhrach a thug sé. Ba mhaith liom buíochas a ghlacadh, leis, leis an Stiúrthóir, Stephen Blair agus lena fhoireann as cabhair is cúnamh a thabhairt ar fud na bliana.

Ráiteas an Stiúrthóra

Stephen Blair
Stiúrthóir

Fáiltím go mór roimh fhoilsiú an 11ú Tuarascáil Bhliantúil agus Ráiteas Airgeadais de chuid Tionól an Deiscirt agus an Oirthir. Beidh léir ón tuarascáil seo gur tharla mórán ócáidí agus gníomhaíochtaí éagsúla i gcaitheamh na bliana.

Tá bainistiú an Chlár Oibriúcháin Réigiúnach 2007-2013 ar na príomhfheidhmeanna atá againn i gcónaí, i dteannta bainistiú Chlár trasteorann na hÉireann – na Breataine Bige 2007-2013. Tá a lán obair a bhaineann le clabhsúr éifeachtúil an Chláir 2000-2006 á déanamh fós agus tabharfar í seo chun críche go luath i 2010. Tá achoimre ar an dul chun cinn a deineadh i 2009 sa tuarascáil seo..

Le linn mí Bhealtaine 2009 cuireadh Tuarascáil an Innéacs um Fhorbairt Tairseach (Gateways Development Index (GDI)) ar fhorbairt naoi gcinn de Thairseacha na Straitéise Spáis Náisiúnta a choimisiúnaigh Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair araon os comhair na mball. Tá tábhacht nach beag ag baint leis an innéacs seo sa mhéid go dtomhasfaidh sé an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na tairseacha ainmithe mar uirlisí a spreagann forbairt gheilleagrach an réigiúin. Beidh an t-eolas a bhainfear as an innéacs an-tábhachtach ar fad dár mbaill thofa ina gcuid oibre ar an leibhéal áitiúil agus ar an leibhéal réigiúnach ar aon.

Bhí an tionól ag gabháil go gníomhach do roinnt feachtas poiblíochta a bhí dírithe ar thuiscint phoiblí ar an gClár Oibriúcháin agus ar obair an Tionóil Réigiúnaigh a spreagadh. Socraíodh craoltaí faoin aer in áiteanna i bPort Láirge agus i gCill Dara, áiteanna gur scaipeadh ábhar poiblíochta agus gur chuir stáisiúin raidió áitiúla daoine den bhfoireann, baill agus tairbhithe tionscadail faoi agallamh. Tá ócáidí poiblíochta cosúil leo seo ríthábhachtach chun obair an Tionóil Réigiúnaigh a chur chun cinn ag an leibhéal réigiúnach.

I 2009 thosnaigh an Tionól ar a bheith rannpháirteach i roinnt Tionscadal nua de chuid an AE, mar shampla URBACT, tionscadal na mBailte Oscailte. Cuireann an tionscadal seo ar chumas na gcathracha rannpháirteacha dea-chleachais agus ceachtanna a foghlamaíodh a chomhroinnt leis na gairmithe ar fad atá bainteach le beartas cathrach ar fud na hEorpa agus i dTionscadal sa Limistéar Atlantach maidir le Seirbhísí Dianeolais (AtlantKIS).

Le linn 2009 ghlac an Tionól Réigiúnach Cathaoir agus riarachán Grúpa Stiúrtha na dTairseach Atlantach agus beidh sé i mbun na hoibre áirithe seo go mí Mheithimh 2010. Tá an grúpa seo ag obair ar shaincheisteanna faoi pheanáil spáis i gceithre cinn de chathracha tairsí, mórthimpeall orthu agus eatarthu: Gaillimh, Corcaigh, Luimneach agus Port Láirge. Tá ceithre tuarascálacha ar leith ar Chonair Thairseach an Atlantaigh á dtabhairt chun criche ina leagtar amach creatlaí forbartha do na conairí idir na Tairseacha. Foilseofar iad seo i 2010.

Ba mhaith liom an deis seo a thapú chun buíochas a ghabháil leis an bhfoireann ar fad as ucht a ndílseacht agus a ndíograis thar an bhliain. Gabhaim buíochas leis an gCathaoirleach, chomh maith agus le Baill an Tionóil go léir as a rannpháirtíocht ghníomhach in obair an Tionóil agus as suim a léiriú inti.

Cúlra

Ainmníodh dhá réigiún in Éirinn chun críocha Cistí Struchtúrtha mar thoradh ar na socruithe réigiúnaithe a bhí idirbheartaithe ag Éire i gcomhthéacs Comhaontú an Chlár Oibre 2000:

- Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir agus
- Réigiún na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair

Mar thoradh ar an ainmniú bunaíodh dhá Thionól Réigiúnach agus tháinig éifeacht leo ar an 21ú Iúil 1999 faoin Ordú 1999 (Bunú) um an Acht Rialtais Áitiúil, 1991 (Údaráis Réigiúnacha). Is iad ionadaithe ainmnithe tofa na n-údarás réigiúnach lasitigh dá Réigiún féin atá sna Tionóil.

Is iad na príomhfheidhmeanna atá ag na Tionóil Réigiúnacha ná:

- Comhordú seirbhísí poiblí i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir a chur chun cinn
- Clár Oibriúcháin 2007-2013 an Deiscirt agus an Oirthir a bhainsitiú
- Tá sé ina Údarás Bainistíochta ar Chlár Comhair Chríche na hÉireann – na Breataine Bige 2007-2013
- Monatóireacht agus moltaí a dhéanamh maidir le héifeacht ghinearálta na gclár ar na réigiúin ina gcuirtear gach Clár cúnaimh de chuid an AE i ngníomh faoi Chreatlach Tacaíochta an Chomhphobail
- Eagraíochtaí poiblí a chur ar an eolas Make public bodies aware of the regional implications of their policies, plans and activities

Tá ceanncheathrú Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir i gCathair Phort Láirge.

Cruinnithe agus Ballraíocht an Tionóil

Is gnách go mbíonn cruinniú ag an Tionól Réigiúnach gach dara Aoine gach dara mí i rith na bliana ag Ceanncheathrú an Tionóil. Bhí cúig cruinnithe ag an Tionól i rith na bliana. 65% an meántinreamh a bhí ar na cruinnithe.

Ainmíonn na hÚdaráis Áitiúla sa Réigiún ábhartha comhaltaí an Tionóil i gcomhréir le líon na ndaoine ón Údarás Áitiúil. Is mar seo a leanas a dhéantar miondealú air:

Co Co Cheatharlach	1	Co Chathair Luimnigh	1
Co Co an Chláir	2	Co Co Luimnigh	2
Co Chathair Chorcaí	2	Co Co na Mí	2
Co Co Chorcaí	4	Co Co Thiobraid Árann	1
Co Chathair BhÁC	7	Co Co Átha Cliath Theas.	3
Co Co Dhún Laoghaire-Ráth an Dúna	2	Co Co Thiobraid Árann	1
Co Co Fhine Gall	2	Chathair Phort Láirge	1
Co Co Chiarraí	2	Co Co Phort Láirge	1
Co Co Chill Dara	2	Loch Garman	2
Co Co Chill Chainnigh	1	Co Co Chill Mhantáin	2

Ní mór do dhuine a bheith ina chomhalta d'Údarás Áitiúil agus d'Údarás Réigiúnach chun ainmniú a fháil. Tá daichead a haon comhalta ar fad ar an Tionól Réigiúnach. Is é seo a leanas an miondealú ar an Tionól ó thaobh na polaitíochta de:

Fine Gael	19
Lucht Oibre	14
Fianna Fáil	3
Sinn Féin	2
Comhaontas Glas	1
Neamhspleách	2

Is é seo miondealú na gcomhaltaí tofa ó thaobh inscne de:

	1999	2000	2001	2002	2003	2004	2005	2006	2007	2008	2009
Baineann	5	5	7	7	7	7	8	10	10	11	4
Fireann	36	36	34	34	34	34	33	31	31	30	37
Iomlán	41	41	41	41	41	41	41	41	41	41	41

Ballraíocht an Tionóil 2009 (go dtí an 4ú Meitheamh 2009)

Cllr Holloway *(Cathaoirleach 2008-2009)*	Jim	Farganstown, Boyne Road, An Uaimh, Co na Mí
Cllr Ardagh	Máire	8 The Court, Cypress Downs, Teach Mealóg, Baile Átha Cliath 6W
Cllr Ahern	Maurice	281 Sea Park, Br. An Chósta, Mullach Íde, Co. BhÁC.
Cllr Allen	Lorcan	Raheenagurren, Guaire, Co. Loch Garman
Cllr Bermingham	Brian	12 Woodbrook Grove, Baile an Easpaig, Corcaigh
Cllr Breathnach	Tomás	Forge Road, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co Chill Choinnigh
Cllr Brophy	Colm	79 Ceide Sliabh Rua, Stigh Lorgan, Co. BhÁC
Cllr Burke	Christy	11 Cherrymount Cresent, Br. Mhullach Íde, BhÁC 3
Cllr Byrne	Clare	30 Bulfin Road, Inse Chór, BÁC 8
Cllr Byrne	Maria	"Mannixville", Ascaill Uí Chonaill, Luimneach
Cllr Cahill	Michael	Ros Béithe, Gleann Béithe, Co. Chiarraí
Cllr Carter	Anne	8 Elton Drive, Ard-na-Greine, Br. Mhullach Íde, BÁC 13
Cllr Considine	Peter	Drom an Droichid, Inis, Co an Chláir
Cllr Creighton	Eddie	9 St. Joseph's Terrace, An tÓspidéal, Co Luimnigh
Cllr Devitt	Anne	Lios Pubaill, Sord, Co. BhÁC
Cllr Enright	Leonard	Baile Uí Anracháin, Tobar Phádraig, Co Luimnigh
Cllr Fleming	Dan	Baile na Cágaí, An Bhlarna, Co Chorcaí
Cllr Freehill	Mary	77 Grove Road, Rath Maoinais, Baile Átha Cliath 6.
Cllr Geoghegan	Damien	64 Silversprings, Dún Garbháin, Co Phort Láirge
Cllr Hand	Pat	25 Chestnut Grove, Baile an tSaoir BÁC 16
Cllr Hendy	Rainsford	Woodlawn, Tigh Moling, Béal Átha an Tuair, Co. Chill Dara
Cllr Howlin	Ted	Rocklands, Loch Garman
Cllr Kavanagh	Conal	4 The Courtyard, Kilmantin Hill, Wicklow, Co. Wicklow
Cllr Kelly	Paul	"Rye Cottage", 99 Príomhshráid, Léim an Bhradáin, Co. Chill Dara
Cllr Kinsella	Thomas	Kilcumney, An Droichead Nua, Co. Chill Choinnigh
Cllr Keane	Cait	26 Rushbrook Court, Teach Mealóg, BÁC 6W
Cllr Lacey	Dermot	66 Beechill Drive, Domhnach Broc, BÁC 4
Cllr Lafferty	Martin	Ballyinsheen, Br. Na Gaillimhe, Lios Dúin Bhearna, Co. an Chláir
Cllr Lombard	Tim	Granig, Droichead an Mhionnáin, Co. Chorcaí
Cllr Maguire	Michael	Laitean, Tiobraid Árann, Co. Thiobraid Árann
Cllr Maher	Bronwen	Uimh 1 The Bamblings, Cill Easra, BÁC 5
Cllr McCarthy	Lettie	23 Kilgobbin Heights, An Chéim, Co BhÁC
Cllr Mulvihill	John	Bóthar Tay, An Cóbh, Co. Chorcaí
Cllr Murphy	Kevin	"Wints Mills", Cill Anna, Cionn tSáile, Co. Chorcaí
Cllr Murray	Seamus	An Chuileantrach, Maigh Dearmhaí, Co. na Míh
Cllr O'Donoghue	Paul	Clochán Mhac Cuinn, Cathair Saidhbhín, Co. Chiarraí
Cllr O'Driscoll	Tom	95 Fr. Dominic Road, Baile Féitheán, Corcaigh
Cllr O'Halloran	Mary	3 Céide Avondale, Port Láirge
Cllr Richardson	Margaret	51 Plásóg Chiumhais na Coille, Baile An Bhlainséir, Baile Átha Cliath 15
Cllr Ryan	Mattie	Coolecarra, Cill Chomáin, Durlas, Co. Tiobraid Árann
Cllr Ryan	John	"Huntingdon", 13 Plásóg an Aird Mhóir, Bré, Co. Chill Mhantáin

Ballraíocht an Tionóil 2009 (ón 5ú Meitheamh 2009)

Cllr Murphy *(Cathaoirleach 2009-2010)*	Kevin	Wints Mills, Cill Anna, Cionn tSáile, Co Chorcaí
Cllr Bourke	Paddy	13 Garrán Mhonadh Rois, Ard Aidhin, Baile Átha Cliath 5
Cllr Breathnach	Tomas	Forge Road, Narabane, Cill Mhic Bhúith, Co Chill Choinnigh
Cllr Brennan	Joe	Millers Rest, Gráinseach Mhóicléir, Carraig na Siúre, Co. Thiobraid Árann
Cllr Burke	Christy	11 Cherrymount Cresent, Br. Mhullach Íde, BhÁC 3
Cllr Byrne	Clare	30 Bulfin Road, Inse Chór, BÁC 8
Cllr Byrne	Ciaran	41 An Trá Theas, Na Sceirí, Co. Bhaile Átha Cliath
Cllr Crowe	Sean	16 Faiche an Raithin, Tamhlacht, Baile Ata Cliath 24
Cllr Culhane	Aidan	172 Garrán na Cluana, Dún Droma, Baile Átha Cliath 16
Cllr Devitt	Anne	Lios Pubaill, Sord, Co.Baile Átha Cliath
Cllr Ellis	Dessie	19 Bóthar Dhún Sinche, Fionnghlas Thiar, Baile Átha Cliath 11
Cllr Fegan	Jimmy	Clonefane, Baile Átha Triom, Co. na Mí
Cllr Fleming	Dan	Baile na Cágaí, An Bhlarna, Co Chorcaí
Cllr Freehill	Mary	77 Grove Road, Rath Mhaoinis, Baile Átha Cliath 6
Cllr Geoghegan	Damien	64 Silversprings, Dún Garbháin, Co Phort Láirge
Cllr Griffin	Senan	Ballygoran, Má Nuad, Co. Chill Dara
Cllr Holloway	James	Baile Fargáin, Bóthar na Bóinne, An Uaimh, Co. na Mí
Cllr Howlin	Ted	Rocklands, Loch Garman
Cllr Humphreys	Kevin	14 Gairdíní Uí Chonghaile, Ascaill na bhFolcadán, Dumhach Thrá, BhÁC 4
Cllr Kavanagh	Paddy	Drumgoold Lower, Inis Córthaigh, Co Loch Garman
Cllr Kavanagh	Conal	12 Springfield, Baile Chill Mhantáin
Cllr Kearns	Pamela	203 Arda Pháirc Orwell, Teach Mealóg, Baile Átha Cliath 6W
Cllr Keary	Stephen	An Chloch, An Chruach, Co. Luimnigh
Cllr Kelly	P.J.	Lios Uí Chathasaigh, Co. an Chláir
Cllr Kinsella	Thomas	Kilcumney, An Droichead Nua, Co Chill Choinnigh
Cllr Lacey	Dermot	66 Beechill Drive, Domhnach Broc, BÁC 4
Cllr Lawlor	Brian	5 Gairdíní Choill an Chaoich , Teach na Giúise, BÁC 4
Cllr Lombard	Tim	Granig, Droichead an Mhionnáin, Co. Chorcaí
Cllr Lowry	Michéal	Glenreigh, Mainistir na Croiche, Durlas, Co. Thiobraid Árann
Cllr McCarthy	Denis	4 Siul na Habhann, Corbally, Limberick
Cllr McGinley	John	50 Páirc an Ghoirt Ghlais, Má Nuad, Co. Chill Dara
Cllr Meaney	Brian	Baile Mhic Uada, An Darach, Inis, Co. an Chláir
Cllr Mulvihill	John	Bóthar Tay, An Cóbh, Co Chorcaí
Cllr Murphy	Dara	1, Páirc Hoirbeaird, Cnoc Ghairdinéir, Corcaigh
Cllr O'Connell	Bobby	15 Príomhshráid, Oileán Chiarraí, Co. Chiarraí
Cllr O'Dowd	Virginia	Bóthar St Conlon, An tAonach, Co. Thiobraid Árainn
Cllr O'Flynn	Denis	1 Dunvale, Rise, Ardán Ghort Phroinsias, Dúglas, Corcaigh
Cllr Purtill	Liam	Príomhshráid, Béal Átha Longfoirt, Co Chiarraí
Cllr Ryan	John	'Huntingdon', 13 Ardmore Lawn, Bré, Co. Chill Mhantáin
Cllr Saul	Barry	3 Bóthar Mather Thuaidh, Cnoc Mhuirfean, Co. Bhaile Átha Cliath
Cllr Walsh	Leo	An Ráithín Íochtar, Baile an Fhaoitigh, Co. Luimnigh
Cllr Walsh	Jack	33 Arda na Gráinsí, Port Láirge

NA DAOINE A D'ÉIRIGH AS OIFIG: I gcaitheamh na bliana d'éirigh an Clr Virginia O'Dowd as an Tionól

Baill & Foirenn an Tionóil Réigiúnaigh
Ag an gCruinniú Bliantúil ar an 18ú Meán Fómhair 2009

Foireann an Tionóil Réigiúnaigh

Cruinnithe agus Ballraíocht na bhFochoistí

Cuirtear fochoistí ar bun toisc go gcaithfear fóram a chur ar fáil ina bhféadfar saincheisteanna ábhartha a phlé go mion agus chun deis níos fearr a thabhairt do bhaill tofa, d'ionadaithe ó údaráis réigiúnacha agus d'eagraíochtaí poiblí i réigiún an Deiscirt agus an Oirthir cur leis an bplé. Bíonn Ball den Tionól mar chathaoirleach ar na Coistí agus tá air nó uirthi tuairiscí ar obair an Choiste a thabhairt don Tionól.

Is iad seo a leanas príomhfheidhmeanna an fhochoiste:

- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i ngníomh an Chlár Oibriúcháin agus moltaí a dhéanamh a thagann as an athbhreithniú seo.
- Athbhreithniú a dhéanamh ar chur i ngníomh fochláir éagsúla a ghabhann le Clár Oibriúcháin Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus moltaí a dhéanamh a thagann as an athbhreithniú seo.
- Tuairiscí a fháil ar thorthaí a bhíonn ag Coiste Monatóireachta an Chlár Oibriúcháin ón gComhalta den Tionól agus ón mbreathnadóir a dheineann ionadaíocht ar Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir ar an gCoiste Monatóireachta.
- Comhairle a chur ar Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus é a chur ar an eolas maidir le saincheisteanna leithne (ceisteanna fochláir).
- Iarraidh ar ionadaithe ó Ranna Rialtais ábhartha agus ó Ghníomhaireachtaí Rialtais ábhartha freastal ar chruinnithe an fhochoiste agus aithisc a thabhairt iontu.

Cuirtear cruinnithe Fochoistí an Tionóil Réigiúnaigh ar siúl de ghnáth ar an dara Aoine gach dara mí ar fud na bliana i gCeanncheathrú an Tionóil. Bhí ceithre cruinnithe ag gach fochoiste le linn 2009. Ba é 51% an meánráta tinrimh ag cruinnithe na bhfochoistí.

Páipéir Bheartais 2009:

Chuir an Fochoiste Fiontair agus Infheistíochta Táirgiúla páipéar beartais dar teideal **"Innovation Challenges for SME's"** (Dúshláin Nuálaíochta atá roimh Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide) le chéile. Tháinig roinnt moltaí tábhachtacha as an bpáipéar beartais seo maidir le nuálaíocht a spreagadh ar bhonn réigiúnda. Ghlac na baill leis an bpáipéar beartais seo ag cruinniú an Tionóil i mí Dheireadh Fómhair 2008 agus thug ionadaithe an fhochoiste é do Chonchúr Ó Luineacháin T.D., Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta & Acmhainní Nádúrtha, sa Roinn Fiontair, Trádála & Fostaíochta ar an 29ú Deireadh Fómhair 2009.

Baineadh leas as an bpáipéar beartais, leis, mar chroíthéama ag ár gComhdháil Bhliantúil a reáchlálamar in Óstán Knightsbrook i mBaile Átha Triom, Co. na Mí i mí Dheireadh Fómhair 2009. Ba é an Clr. John Ryan, Cathaoirleach an Fhochoiste Fiontair agus Infheistíochta Táirgiúla a chuir an páipéar beartais i láthair agus spreag sé sin an lucht freastail chun a lán plé a dhéanamh air.

Is mar seo atá ballraíocht ceithre fhochoiste an Tionóil:

Fiontar agus Infheistiú Tairgiúil

Byrne	Ciaran	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Bourke	Paddy	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Holloway	James	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Humphries	Kevin	An Clr	Tionól Réigiúnach
Kearns	Pamela	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Meaney	Brian	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Ryan	John	An Clr. – Chair	Tionól Réigiúnach
Saul	Barry	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Buckley	Fiona		Údarás Turasóireachta an Iardheiscirt
Dowling	Tom	Bainisteoir ainmnithe	Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir
Gavin	Joe	Bainisteoir ainmnithe	Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
Harrington	Noel	An Clr.	Cathaoirleach Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt
Jones	George	An Clr.	Cathaoirleach Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir
Kearney	William		Bord Gáis
McEvoy	Mary	Feidhmeannacht Forbartha Shinsearach Réigiúnach Stiúrthóir Réigiúnach	Fiontar Éireann
Murphy	Gerry	Ceantar an Deiscirt	Coillte
Potter	Patricia	Stiúrthóir	Úd. Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Ionadaí			Fáilte Éireann
Ionadaí			Turasóireacht
Ionadaí			Bord Gáis
Crotty	Sharon	Feidhmeannach Cláir	Tionól Réigiúnach - Rúnaíocht

Fostaíocht agus Cuimsiú Sóisialta

Burke	Christy	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Byrne	Clare	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Crowe	Sean	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Ellis	Dessie	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Fegan	Jimmy	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Howlin	Ted	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Kavanagh	Conal	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Lawlor	Brian	An Clr.	Tionól Réigiúnach
O'Flynn	Denis	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Walsh	Jack	An Clr. – Chair	Tionól Réigiúnach
Byrne	John	Stiúrthóir	Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir
Conway	Con	Bainisteoir	An Post
Coughlan	Jim	Stiúrthóir Réigiúnach	FÁS
Mackey	Tom	Bainisteoir ainmnithe	Údarás Réigiúnach an Lár-Oirthir
Ionadaí			FSS
Ionadaí			An Post
Maurus	Sonja	Feidhmeannach Cláir	Tionól Réigiúnach - Rúnaíocht

Pleanáil agus Bonneagar

Culhane	Aidan	An Clr. – Cathaoirleach	Tionól Réigiúnach
Devitt	Anne	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Freehill	Mary	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Griffin	Senan	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Keary	Stephan	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Kelly	P. J.	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Lacey	Dermot	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Lombard	Tim	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Lowry	Michèal	An Clr.	Tionól Réigiúnach
McGinley	John	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Mulvihill	John	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Murphy	Dara	An Clr.	Tionól Réigiúnach
O'Connell	Bobby	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Purtill	Liam	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Byrne	Tom	Stiúrthóir	Úd. Réigiúnach an Oirdheiscirt
Conneally	Liam	Stiúrthóir	Úd. Réigiúnach an Lár-Iarthair
Conroy	Martin	Ceannaire Tionscadail Gnóthaí	B.S.L.
Egan	Michael	Corparáideacha	Údarás na mBóithre Náisiúnta
Finn	Tom	Bainisteoir	CIE
Horan	Joe	Bainisteoir ainmithe	Úd. Réigiúnach Bhaile Átha Cliath
Keating	Brendan	POF	Port Chorcaí
Loughnane	Olivia	Stiúrthóir T,F agus C	Forbairt na Sionainne
McIlvenny	Stan	POF	Port Phort Láirge
McLoughlin	Seamus	Ceann na nOibríochtaí	Cuideachta Phort Bhaile Átha Cliath
Walsh	Michael	Bainisteoir na Cathrach	Comhairle Chathair Phort Láirge
Brennan	Derville	Feidhmeannach Cláir	Tionól Réigiúnach – Rúnaíocht

Agriculture and Rural Development

Breathnach	Tomas	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Brennan	Joe	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Fleming	Dan	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Geoghegan	Damien	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Kavanagh	Paddy	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Kinsella	Thomas	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Murphy	Kevin	An Clr. – Chair	Tionól Réigiúnach
Walsh	Leo	An Clr.	Tionól Réigiúnach
McCarthy	Denis	An Clr.	Tionól Réigiúnach
Crockett	Joe	Bainisteoir ainmnithe	Úd. Réigiúnach an Iardheiscirt
McAleer	John	Siúrthóir	Úd. Réigiúnach an Iardheiscirt
Moloney	John	Bainisteoir Limistéir	Teagasc
O'Hanlon	Kieren	Stiúrthóir	Calafoirt Béal na Sionainne
Ionadaí			An Príomh-Bhord Iascaigh
Ionadaí			Cuideachta Phort na Sionainne agus Fhainge
Dunphy	Vincent	Feidhmeannach Cláir	Tionól Réigiúnach - Rúnaíocht

Cruinnithe agus Ballraíocht Choiste Monatóireachta Clár Réigiúnach Oibríochta an Deiscirt agus an Oirthir 2000-2006 agus 2007-2013

Tá gá le Coiste Monatóireachta a bheith ag gach ceann de na Cláir Oibríochta a chuimsítear sa Phlean Forbartha Náisiúnta. Is é an ról ginearálta atá ag an gCoiste Monatóireachta ná é féin a shásamh maidir le héifeachtúlacht agus caighdeán gach caiteachais a chuirtear i ngníomh faoin gClár Oibríochta Réigiúnach. Is faoin gCoiste Monatóireachta dul chun cinn agus tionchar an chaiteachais a ndeintear comh-mhaoiniú air, nó a mhalairt, a mheas agus moltaí a dhéanamh maidir leo do Thionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, don Roinn Forfheidhmithe lena mbaineann agus don Roinn Airgeadais.

Tionóltar Coiste Monatóireachta an Chláir 2007-2013 uair sa bhliain chun athbhreithniú a dhéanamh ar dhul chun cinn na bliana roimhe. Tháinig an Coiste le chéile an tríú uair ar an 18ú Bealtaine 2009.

Soláthraíonn an Tionól Réigiúnach an Cathaoirleach agus an Rúnaíocht do Choistí Monatóireachta Clár Réigiúnach Oibríochta an Deiscirt agus an Oirthir 2007-2013. Ba í seo a leanas ballraíocht an Choiste Mhonatóireachta ar Chláir Oibríochta Réigiúnacha an Deiscirt agus an Oirthir:

Ballraíocht an Choiste Mhonatóireachta ar Chlár Oibriúcháin Réigiúnach 2007-2013

Údarás Bainistíochta	**Líon na bpost**
Stephen Blair Uas., Stiúrthóir	Cathaoir
Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir	1
Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir	5
Ranna/Forais Fhorfheidhmithe	
An Roinn Airgeadais	1
An Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta	2
An Roinn Oideachais agus Eolaíochta	1
An Roinn Cumarsáide, Mara & Acmhainní Nádúrtha	1
An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta & Rialtais Áitiúil	1
An Roinn Ealaíon, Spóirt agus Turasóireachta	1
An Roinn Iompair	1
An Roinn Gnóthaí Pobail, Tuaithe agus Gaeltachta	1
Leasanna na Réigiún	
Cathaoirleach, Úd. Réigiúnach an Iardheiscirt	1
Cathaoirleach,Úd. Réigiúnach an Lár-Iarthair	1
Cathaoirleach, Úd. Réigiúnach Bhaile Átha Cliath	1
Cathaoirleach, Úd. Réigiúnach an Oirdheiscirt	1
Cathaoirleach, Úd. Réigiúnach an Lár-Oirthir Mid-East Regional Authority	1
Comhpháirtithe Sóisialta	
Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fostóirí na hÉireann	1
Comhdháil na gCeardchumann	1
An Ceardchumann Seirbhísí Tionsclaíoch, Gairmiúil agus Teicniúil	1
Cumann na bhFeirmeoirí Ba agus Caorach	1
Comhlachas na gComharchumann in Éirinn	1
Macra na Feirme	1
Cumann Soláthraithe Bainne na hÉireann	1
Feirmeoirí Aontaithe na hÉireann	1
Leasanna Cothrománacha	
Beartas Comhshaoil : An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil	1
Comhionannas agus Comhionannas Inscne: An Roinn Cirt agus Dlí, Comhionannais agus Athchóirithe Dlí	1

An Oifig um Chuimsiú Sóisialta	1
Comhoibriú Thuaidh Theas	
An Foras um Chláir Speisialta an AE	1
Breathnadóirí/Comhairleoirí	
An Coimisiún Eorpach, AS Réig	3
Stiúrthóir Úd. Réigiúnach an Lár-Oirthir	1
Stiúrthóir Úd. Réigiúnach an Iardheiscirt	1
Stiúrthóir Úd. Réigiúnach an Lár-Iarthair	1
Stiúrthóir Úd. Réigiúnach an Iardheiscirt	1
Stiúrthóir Údarás Réigiúnach Bhaile Átha Cliath	1
Aonad Eolais PFN Creat Tacaíochta an Chomhphobail	1
Fiontar Éireann	1
An tÚdarás Ardoideachais	1
Fuinneamh Inbhuanaithe Éireann	1
An tÚdarás Comhionannais	1
An Ghníomhaireacht do Chomhrac na Bochtaineachta	1
Comhar	1
An Ghníomhaireacht Um Chaomhnú Comhshaoil	1

Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir Ionadaíocht ar Choistí

Coiste Monatóireachta ar Chlár Oibriúcháin de chuid Tionól an Deiscirt agus an Oirthir
Cathaoirleach (de bhrí oifiige); An Clr. M. Freehill; An Clr. T. Lombard; An Clr. J. Mulvihill; An Clr. B. O'Connell

Coistí Monatóireachta PFN
Cathaoirleach (de bhrí oifige)

Coiste Monatóireachta NRSA
Cathaoirleach (de bhrí oifige)

Coiste Monatóireachta ar Chlár Infheistíochta um Chaipiteal Daonna
An Clr. Conal Kavanagh

Coiste Monatóireachta um Forbairt Tuaithe
An Clr. Joe Brennan

Coiste Monatóireachta ar an gClár Iascaighe
An Clr. Damien Geoghegan

Comhar-árachais Comhairlí na hÉireann Teo
Cathaoirleach

Coiste Oibriúcháin
Cathaoirleach, An Clr. Leo Walsh

Coiste Monatóireachta Clár Interreg IVA na hÉireann-na Breataine Bige
Stephen Blair Uas., Stiúrthóir (Comhchathaoir), An Clr. Aidan Culhane, An Clr. P. Kavanagh, An Clr. S. Griffin

Coiste Stiúrtha Clár Interreg IVA na hÉireann-na Breataine Bige
David Kelly Uas. Stiúrthóir Cúnta (Comhchathaoir)

Coistí Monatóireachta agus Stiúrtha an Chláir Interreg IVB d'Iarthuaisceart na hEorpa
David Kelly Uas., Stiúrthóir Cúnta

Coistí Monatóireachta agus Stiúrtha an Chláir Interreg IVC don Limistéar Thiar
Stephen Blair Uas., Stiúrthóir

Tuarascáil ar Dhul chun cinn an Chlár Oibriúcháin Réigiúnaigh 2007-2013

Forbhreathnú ar chur i ngníomh

I 2009 bhí an tÚdarás Bainistíochta ag díriú go mórmhór ar leanúint ar aghaidh leis an Clár Oibriúcháin Réigiúnach don Deisceart agus an Oirthear a chur i ngníomh. Tá formhór na dtéamaí comh-mhaoinithe i mbun oibríochta anois. Cé nach bhfuil ach 3 bliana de chur i ngníomh an chláir caite tá dul chun cinn fíormhaith déanta ar roinnt mhaith de na spriocanna. Níl tús curtha leis an bhfo-théama um athshlánú Uirbeach go dtí seo. Tá Scéim Deontas Tairsí Chomh-mhaoinithe de chuid Ciste Fhorbraíochta Réigiúnaí na hEorpa tionscnaithe ag an Údarás Bainistíochta i gcomhairle leis an Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus leis an Údarás Deimhniúcháin (An Roinn Airgeadais), áfach, chun a chinntiú go dtabharfar faoi ghníomhaíocht faoin tosaíocht seo. Ba chóir tabhairt faoi ndeara, leis, nach raibh ach fíorbheagán gníomhaíochta ar siúl i gcuid de na scéimeanna a mhaoinítear ag an státchiste amháin de dheasca na géarchéime eacnamaíochta atá sa tír seo faoi láthair agus an tionchair atá aici siúd ar chúrsaí airgeadais phoiblí.

Tá caiteachas **€310.179m** ar an iomlán tuairiscithe don gCoiste Monatóireachtaag na Forais Idirmheánacha atá freagrach as na téamaí a sheachadadh.

Tosaíocht 1: Tosaíocht na Nuálaíochta agus Eacnamaíochta an Eolais

Réamheolas

Is é cuspóir ghinearálta na Tosaíochta seo, ar aon dul le cuspóirí Clár Oibre Liospóin, ná tuilleadh forbartha a dhéanamh ar bhonn an eolais, T&F, na nuálaíochta agus ar bhonn nuálaíocht na fiontraíochta in eacnamaíocht an Réigiúin agus tacú le comhoibriú agus le haistriú teicneolaíochta idir institiúidí taighde agus an earnáil ghnó chun fás agus cumas iomaíochta an Réigiúin a threisiú. Tuairiscítear caiteachas carnach €267.63 milliún go deireadh Mhí na Nollag 2009.

Tá an Tosaíocht seo roinnte ina trí téamaí ar leith bíodh is go bhfuil gaol eatarthu, mar seo a leanas:

1. Forbairt ar chumas an Réigiúin i dtaobh Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíocht
2. Fiontraíocht sa Mhicrífhiontar
3. Gníomhartha Nuálacha trialacha

Léiríonn rogha na dtéamaí cad é chomh tábhachtach agus atá sé a chinntiú go ndéanfar forbairt leanúnach ar chumas taighde, forbartha agus nuálaíochta an Réigiúin mar phríomhuirlisí chun cuspóirí eacnamaíocht an eolais a bhaint amach agus chun scileanna fiontraíochta gnólachtaí beaga a fheabhsú.

Ar an iomlán tá caiteachas 96.62% bainte amach ag Tosaíocht 1 (Nuálaíoht agus Eacnamaíocht an Eolais) den méid a bhfuil foráil buiséid déanta dó sna táblaí airgeadais i leith na tréimhse 2007-2013. Ní mar an gcéanna atá an dul chun cinn atá déanta ag téama 1 (Forbairt ar Chumas Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíochta) agus téama 2 i gcomparáid lena gcaiteachas bliantúil réamh-mheasta sna Táblaí Airgeadais. Níl tús curtha le téama 3, áfach, mar níl aon mhaoiniú ón státchiste curtha ar fáil go dtí seo.

Téama 1: Forbairt ar Chumas Taighde, Forbairt Teicneolaíochta agus Nuálaíochta an Réigiúin

Tá cheithre fothéamaí i dTéama 1:

Fothéama 1: Feabhsú Taighde Fheidhmigh

Suas go Mí na Nollag '09 bronnadh maoiniú ar 9 gcinn d'Ionaid Taighde Fheidhmigh agus ar chomhionad a bhfuil dhá cheann díobh i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Maoiníodh ceithre cinn den naoi n-ionad seo faoin gClár Oibriúcháin um Earnáil Tháirgiúil '00-'06. I '08, dhein Fiontar Éireann athstruchtúrú ar an gClár um Feabhsú

Taighde Fheidhmigh. Leathnaíodh an clár ina thrí céimeanna: CEANNRÓDAÍ, TÚS IONAID NUA agus FEABHSÚ TAIGHDE FHEIDHMIGH+. Déantar glaonna oscailte maidir le céimeanna an Cheannródaí agus an Tús Ionaid Nua ach tá FEABHSÚ TAIGHDE FHEIDHMIGH+ oscailte d'Ionaid FEABHSÚ TAIGHDE FHEIDHMIGH atá ann cheana amháin. Sa chlár CEANNRÓDAÍ 2009 tugadh tús áite do choláistí nach raibh aon ghníomhaíocht ó thaobh Feabhsú Taighde Fheidhmigh acu ar choinníol go gcomhlíonfaidís na critéir eile maidir le teicneolaíocht agus cruthúnas ó thaobh tráchtála de. Cé gur ceadaíodh tionscadail i '07 agus i '08 faoin téama seo níor tuairiscíodh aon chaiteachas taibhithe de bharr nach raibh aon éilimh chaiteachais faighte ag Fiontar Éireann ó na forais ar leith faoi dheireadh '09. Táthar ag súil go gcuirfear an chéad éileamh ar chomh-mhaoiniú ó Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa faoi bhráid an Údaráis Bhainistíochta i 2010. Níor ceadaíodh aon Ionad CEANNRÓDAÍ, FEABHSÚ TAIGHDE FHEIDHMIGH nó FEABHSÚ TAIGHDE FHEIDHMIGH+ sa Deisceart ná san Oirthear i 2009.

Fothéama 2: Ciste Tráchtálaithe

Is é is cuspóir don gclár ná pobal taighde fuinniúil a chothú a bhfuil tuiscint ar chúrsaí tráchtála aige agus timpeallacht a chruthú a chuireann fiontraíocht chun cinn. Agus é seo á dhéanamh cuirtear bealach éasca ar bun i dtreo an tráchtálaithe chun eolas a aistriú ó bhunús an taighde chuig an tionscal. Mar chuid den obair atá á déanamh ag Fiontar Éireann ar mhaithe le héascaíocht a dhéanamh do thráchtálú an taighde chuireann sé roinnt tacaíochtaí ar fáil faoin gCiste Tráchtálaithe. Áirítear ar na tacaíochtaí seo an Clár um Chruthúnas Coincheapa, Clár um Forbairt Teicneolaíochta agus maoiniú Tráchtálú Plus.

Faoin gClár Oibiúcháin '07-'13 ceadaíodh trí chéad fiche is dhá cheann de thograí an Chiste Tráchtálaithe ina gcuimsítear naoi gcinn is ochtó de thograí Forbairt Teicneolaíochta, dhá chéad is deich gcinn de thograí Cruthúnas Coincheapa agus trí cinn is fiche de thograí Tráchtálú plus. Sa mhéid seo cuimsítear naoi gcinn is seasca de thograí a cuireadh ar siúl i 2009: sé cinn déag de thograí Forbairt Teicneolaíochta, cúig cinn is daichead de thograí Cruthúnas Coincheapa agus ocht gcinn de thograí Tráchtálú plus. Ceadaíodh maoiniú €53m le haghaidh tograí an Chiste Thráchtálaithe ó 2007 go 2009 ach ach ní chuirfidh na Forais Tairbhithe Phoiblí na B1anna lena ngabhfar caiteachas incháilithe isteach den gcéad uair roimh mí Aibreáin 2010. Dá bhrí sin táthar ag súil go gcuirfear an chéad éileamh ar chomhmhaoiniú ó CFRE faoi bhráid an Údaráis Bhainistíochta i 2010.

Fothéama 3: Forbairt Gorlann Ghnó

Baineann an idirghabháil seo le soláthar tacaíochtaí agus spás gnó laistigh de thimpeallacht institiúid tríú leibhéil ina gcuirtear forbairt cuideachtaí nua ardacmhainne chun cinn. Leis an mbeart seo cabhraítear le forbairt bonneagar na nInstitiúidí Teicneolaíochta agus na nOllscoileanna trí gorlanna gnó a chur ar fáil dóibh. Le gorlanna den sort seo déantar éascaíocht do thráchtálú tograí taighde agus forbartha a bhíonn idir lámha ag na cuideachtaí atá ag teacht chun cinn. Spreagtar na coláistí chun meantóireacht thiomnaithe agus seirbhísí tacaíochta a chur ar fáil d'áiseanna gorlainne. Tá naoi n-ionaid oscailte i gcomhair gnó agus tá ag éirí go breá ar fad leo mar a léirítear sna táscairí feidhmíochta. Is iad na hionaid atá i gceist ná: Baile Bhlainséir, Ceatharlach, Corcaigh, Dún Laoghaire, Luimneach, Coláiste Náisiúnta na hÉireann, Tamhlacht, Trá Lí agus Port Láirge. Go dtí an 31ú Nollaig 2009 bhí céad fiche is naoi gcuideachtaí ag teacht chun cinn i naoi n-ionaid i mBaile Bhlainséir, Ceatharlach, Corcaigh, CNÉ Bh.Á.C., Dún Laoghaire, Luimneach, Tamhlacht, Trá Lí agus Port Láirge. Bhí ceithre chéad daichead is seacht nduine fostaithe, agus ba mhná iad triúr is seachtó díobh. Is mná iad seisear déag de na tionscnóirí san naoi n-ionaid i dteannta a chéile. Cheadaigh Bord Fiontar Éireann dhá áis bhreise, ceann in Institiúid Teicneolaíochta Chorcaí agus ceann inOllscoil Luimnigh i mí Aibreáin agus i mí Mheán Fómhair 2009 agus tá siad á dtógáil i láthair na huaire. Táthar ag súil go gcuirfear an chéad éileamh ar chomh-mhaoiniú de chuid CFRE faoi bhráid an Údaráis Bhainistíochta i 2010.

Fothéama 4: Cumas agus Inniúlacht Taighde a chothú sna hInstitiúidí Ardoideachais

Tugadh faomhadh do Thimthriall 4 (2007-2010) an Chlár Taighde in Institiúidí Tríú Leibhéil i Mí Lúnasa 2007 agus chuir institiúidí tús le cistí a tharraingt i 2008. Tá an maoiniú leata ar fud 12 institiúid i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. €109 milliún an méid iomlán a leithdháileadh ón státchiste agus faomhadh €100 milliún éigin de do Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Tuairiscíodh €223.96 milliún de chaiteachas poiblí incháilithe don gCoiste Monatóireachta go dtí deireadh mhí na Nollag ach tá súil go gcuirfear an chéad éileamh ar chomh-mhaoiniú de chuid CFRE faoi bhráid an Údaráis Bhainistíochta i 2010.

Téama 2: Fiontraíocht sa Mhicrífhiontar
Thosnaigh tréimhse oibriúcháin d'fhothéama an Mhicrífhiontair le héifeacht ón 1ú Eanáir 2007. Agus é a bheith i mbun oibríochta le 2 bhliain anuas tá an téama faoi lán tseol agus taispeánann torthaí an táscaire feidhmíochta go dtí an 31ú Nollaig 2009 gur baineadh idir 52% agus 83% amach maidir le cuspóirí deiridh ar leith.

Tuairiscíodh €43.66 milliún de chaiteachas poiblí incháilithe go dtí mí na Nollag 2009. I gcomparáid leis an bplean airgeadais ar glacadh leis i leith Tosaíochta 1 is 18% d'iomlán na gcistí a tugadh don Tosaíocht é an caiteachas a tuairiscítear maidir leis an téama seo.

Téama 3: Gníomhartha Nuálaíochta Trialacha
Níl tús curtha le Téama 3 go fóill toisc nach bhfuil aon mhaoiniú ón Státchiste curtha ar fáil go dtí seo.

Tosaíocht 2: Comhshaol agus Inrochtaineacht

Réamheolas
Tugtar maoiniú faoin tosaíocht seo chun éifeachtacht ó thaobh fuinnimh de a spreagadh chomh maith le táirgeadh fuinnimh inathnuaite agus forbairt córas éifeachtach bainistithe fuinnimh. Tá i gceist le Téama an Fhuinnimh inathnuaite cabhrú le hÉirinn na modhanna is éifeachtaí a cheapadh agus a chur i ngníomh chun a spleáchas ar bhreoslaí iontaise allmharaithe a laghdú. Is ceann de phríomhchuspóirí na tosaíochta gúsáid leathanbhanda a mhéadú ar fud an réigiúin chun cur le forbairt inbhuanaithe an Réigiúin. Cuspóir eile atá ag an tosaíocht seo is ea cur le forbairt inmharthana ceantair tuaithe an réigiúin trí uisce dromchla agus screamhuisce a chosaint ar thurailliú.
Saothrófar cuspóirí na tosaíochta faoi thrí cinn de Théamaí ar leith mar seo a leanas:

- An Comhshaol agus Cosc Priacail
- Fuinneamh Inathnuaite
- Inrochtaineacht TFC

I gcaitheamh 2009 thuairiscíodh caiteachas i ndáil le fothéamaí i dTéamaí an Fhuinnimh inathnuaite agus na hInrochtaineachta TFC. Lainseáladh an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda i Mí Eanáir 2009; bhí teacht ar leathanbhanda ag leath den limistéar atá le cumasú ag an Scéim faoi dheireadh 2009. Táthar chun 47% nó mar sin de thoghcheantair Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir a chlúdach. Maidir le Téama an Chomhshaoil agus Cosc Priacail, téama a bhaineann le cosaint foinse uisce agus tionscnaimh uisce fuílll i mbailte mar chlár píolótach, cuirfear tús leis an obair seo a luaithe a bheidh an dá thionscadal píolótacha críochnaithe agus measúnú déanta orthu.

€39.033m a tuairiscítear mar chaiteachas carnach ar leibhéal na Tosaíochta go deireadh Mí na Nollag 2009. Is ionann sin agus 18.15% den gcaiteachas ar Leibhéal na Tosaíochta.

Téama 1: An Comhshaol agus Cosc Priacail
Níor tuairiscíodh aon chaiteachas faoin dTéama seo i 2009. Cuir an Roinn scéim chosanta phíolótach d'fhoinsí uisce i ngíomh i gcomhar le Cónaidhm Náisiúnta na Scéimeanna Grúpa Uisce d'fhonn straitéis náisiúnta chun foinsí uisce ar bharr an tailimh agus foinsí screamhuisce a chosaint ar thruailliú ón talmhaíocht agus ó ghníomhaíochtaí tráchtála/tionscail agus cónaithe. Tá an clár píolótach á chomhordú trí Roinn na hEolaíochta in Institiúid Teicneolaíochta Dhún Dealgáin. Críochnaíodh na Tionscadail Coireála Uisce Fuílll a bhí á gcur chun cinn ag an Roinn, ag an gCoiste Náisiúnta Monatóireachta Uisce Tuaithe agus ag na hÚdaráis Áitiúla i 2007. Is é is cuspóir don tionscadal ná modhanna bailithe uisce fuílll agus córais cóireála do bhailte beaga tuaithe a mheas atá éifeachtach ó thaobh costais de, agus tástáil a dhéanamh ar roinnt teicneolaíochtaí nuálaíocha chun uisce fuílll tís a bhailiú agus a chóireáil agus gnáthghléasanna cóireála agus gléasanna cóireála scannán-bunaithe pacáiste a chur san áireamh chomh maith le séaraigh folúis seachas na seanchórais imtharraingthe nó caidéil. Meastar go mbeifear i dteagmháil le hÚdaráis Áitiúla i 2010 chun scéimeanna a chuirfear san áireamh san idirghabháil seo a aithint agus a roghnú i leith an dá fhothéama seo.

Téama 2: Fuinneamh Inathnuaite
€14.575 milliún an caiteachas carnach incháilithe a tuairiscítear i ndáil le Téama an Fhuinnimh Inathnuaite. Tá tús curtha le cur i ngníomh an Chláir um Fuinneamh Inathnuaite, Taighde, Forbairt agus Úsáid, an Chláir CHP & ReHeat (Bith-theas) agus an Chláir um Fuinneamh do Ghnó. Tá an tAonad um Forbairt Fuinnimh ón Aigéan (Ocean Energy Development Unit) curtha ar bun chun cinneadh beartais an Rialtais a chur i ngníomh forbairt Fuinneamh Aigéin (Tonn agus Taoide) a bhrostú in Éirinn. Cuireadh ar bun é chun teicneolaíochtaí chun fuinneamh ón Aigéan a úsáid a chur chun cinn in Éirinn trí cumas taighde agus forbartha a mhéadú in institiúidí acadúla agus in aonáin tráchtála araon atá ag forbairt feistí in Éirinn. Chuir sainchúram méadaithe Sustainable Energy Ireland ar chumas na heagraíochta seo forbairt agus seachadadh roinnt tionscnamh lárnach a mhúnlú, anuas ar na cinn a rabhamar ag súil leo ag tosach an Chreata Thagartha Straitéisigh Náisiúnta, mar shampla gur cuireadh sraith um Forbairt Fuinnimh ón Aigéan san áireamh.

Téama 3: Inrochtaineacht TFC
€20.101 milliún an caiteachas carnach a bhí ag Téama na hInrochtaineachta TFC. Tá tús curtha le cur i ngníomh na Scéime Náisiúnta Leathanbhanda. Tar éis próiseas soláthair a bhí neodrach ó thaobh teiceolaíochta de a chríochnú ar dtús dhein an tAire Cumarsáide, Fuinnimh agus Acmhainní Nádúrtha conradh ar an 23ú Nollaig 2008 le Hutchinson 3G Ireland Ltd (atá ag déanamh gnó faoin ainm "3") chun an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda a chur i ngníomh. Lainseáladh an Scéim Náisiúnta Leathanbhanda i mí Eanáir 2009; beidh leath an limistéir atá le clúdach ag an Scéim cumasaithe faoi dheireadh 2009. Cuirfear an Scéim Náisiúnta Leathabhanda i ngníomh de réir toghcheantair agus díreofar ar thoghcheantair (1,028) é a mheastar a bheith in éamais seirbhísí leathanbhanda cuí. Tá 47% de na toghcheantair atá lé clúdach faoin Scéim i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir. Bhí leath an limistéir, nach mór, a dtugann an Scéim faoi cumasaithe faoi dheireadh 2009 agus beidh nascacht leathanbhanda ag áitribh chónaithe agus ghnó laistigh de limistéar na Scéime faoi dheireadh mhí Mheán Fómhair 2010.

Tosaíocht 3: Tosaíocht um Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe

Is é atá i gceist ag an Tosaíocht seo ná tarraingteacht na dTairseach agus na Mol ceaptha sa Réigiún a chur chun cinn mar ionaid chónaithe, oibre agus infheistíochta. Tá i gceist Tosaíochtaí 1 agus 2 a chomhlánú i dteannta le haon straitéis infheistíochta eile a thacaíonn le cur i ngníomh na Straitéise Náisiúnta Spásúla. Is cuspóir lárnach í tacú le hiarrachtaí agus iad a chomhlánú chun a chinntiú go n-uasmhéadóidh bailte agus cathracha a n-acmhainn. Comhlánóidh an Tosaíocht seo go háirithe an infheistíocht mhór atá beartaithe faoin bPlean Forbartha Náisiúnta 2007-2013 mar thacaíocht do chuspóirí na Straitéise Náisiúnta Spásúla do cheantair uirbeacha agus go háirithe don gCiste Nuálaíochta do Thairsigh.

Tá sé i gceist trí Théama a dhéanamh faoin Tosaíocht seo. Díreofar ceann amháin ar na ceithre Tairseacha ceaptha, an dara ceann ar sé Moil cheaptha agus bainfidh an tríú téama ar téama comhlántach é, le comhoibriú idir na Tairseacha. Tá sé i gceist idirghabhálacha a bheith ann i leith téama na dTáirseacha agus téama na Mol a chlúdaíonn roinnt snáithe ina n-áirítear athshlánú uirbeach, iompar poiblí agus áiseanna spóirt agus cultúir.

Le linn 2009 thug an tÚdarás Bainistíochta isteach fothéama nua, is é sin, Scéim Deontais na dTairseacha de chuid CFRE. Faoin téama seo cuireadh cúnamh deontais ar fáil do cheithre tairseacha na Straitéise Spáis Náisiúnta i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir (Baile Átha Cliath, Corcaigh, Luimneach/Sionainn agus Port Láirge) i gcomhair tionscadal a chuirfidh feabhas ar na Tairseacha ó thaobh geilleagair de, an chomhshaoil de, ó thaobh cúrsaí sóisialta agus/nó cúrsaí cultúir de agus a bhí clúdaithe ag Airteagal 8 de Rialachán an Choimisiúin 1080/2006. Bhí €11 milliún ar fáil san iomlán mar chúnamh deontais agus ba é 50% an ráta deontais ab airde. Ní mór don Údarás Áitiúil an 50% eile a chur leis as a chuid acmhainní féin agus ní cead iasacht airgid a fháil chuige seo. Ní mór na hoibreacha a chríochnú faoin 31ú Nollaig 2010.

Cuireadh glaoch ar thairiscintí amach chuig ceithre Údaráis na dtairseacha i mí Iúil 2009 agus dhein Coiste um Roghnú Tionscadal measúnú orthu i mí Mheán Fómhair 2009. Ba iad na daoine a bhí ar an gcoiste seo ná ionadaithe ón dá Thionól Réigiúnacha, ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ón Roinn Airgeadais. Cheadaigh an Coiste Stiúrtha na deontais seo a leanas i ndiaidh dó measúnú a dhéanamh:

Tairseach Chorcaí: €2.80 milliún
Tugtar an maoiniú seo mar chomh-airgeadú i leith costais iomláin a ghabhann le tionscadal Eaglais Chríost. Is é atá beartaithe sa tionscadal seo ná an Eaglais a athrú ina hIonad Ealaíon i gcomhar le hIonad Ealaíon Triskel atá in aice léi. (Méid an deontais €2.18m), anuas ar chostais Céime 1 a ghabhann le tionscadal Naomh Lúcáis, tionscadal a chuimsíonn oibreacha caomhnaithe riachtanacha atá le déanamh chun a áirithiú go gcosnófar creatlach agus iomláine an fhoirgnimh.

Tairseach Bhaile Átha Cliath: €2.4 milliún
Tugtar an deontas seo i leith tionscadal Mhargadh na Feirme. Le cabhair an airgid seo críochnófar na feabhsuithe ar an limistéar agus na háiseanna poiblí ar an gcearnóg.

Tairseach Luimnigh/na Sionainne: €3.0 milliún
Tugtar an t-airgead seo i leith tionscadal Lár Cathair Luimnigh agus is é atá i gceist leis ná oibreacha a chur i gcrích ar an mol iompair phoiblí 'Crossroads' agus feabhsuithe a dhéanamh ar limistéar agus ar áiseanna poiblí.

Tairseach Phort Láirge: €2.76 milliún
Is é a ghabhann le togra Phort Láirge ná dhá thionscadal ar leith a bhfuil gaol eatarthu. Maidir leis an gcéad cheann gurb é an ceann is mó é, táthar chun cnuasach d'fhoirgnimh atá in aice a chéile a athchóiriú agus a athrú ina ionad cuairteora faoi mhonarú criostail (tá foirgneamh faoi chosaint ina measc). Is leis an gComhairle iad na foirgnimh agus táid i lár na cathrach. I dtosach báire beidh Waterford Crystal lonnaithe san ionad ach sa bhfadthéarma tabharfar cóiríocht do roinnt monaróirí criostail ceirde ann. Tá an tionscadal atá gaolmhar leis an gcéad cheann agus a ndeintear airgeadú air in aice leis an gcnuasach d'fhoirgnimh seo agus is é a dhéanfar sa tionscadal seo ná carrchlós Sráid Bolton a mhéadú agus a uasghrádú chun limistéar páirceála saintógtha do bhusanna cuairteoirí a chur ar fáil, rud nach bhfuil ag an gcathair faoi láthair. Ós rud é go mbeidh Waterforc Crystal ag dul i léig agus ag imeacht óna láthair ag Cill Bharra agus i bhfianaise a thábhacht agus atá monarú criostail don gcathair maidir le cúrsaí fostaíochta agus turasóireachta de cuireann Comhairle na Cathrach togra chun cinn ina n-athbhunófar monarú criostail agus ina dtógfar ionad cuairteora i gcroílár na cathrach. Baineann an deontas seo le costas iomlán an dá thioscadail.

Tosaíocht 4: Cúnamh Teicniúil

Réamheolas
Is í príomhchuspóir na Tosaíochta um Cúnamh Teicniúil ná tacú le bainistiú, measúnú agus le monatóireacht an Chlár Oibriúcháin. Faoin tosaíocht seo beidh caiteachas atá ag teacht le hAirtigeal 46 de Rialachán na Comhairle (CE) Uimh. 1083/2006 incháilithe chun costais a chlúdach a thabhaíonn an tÚdarás Bainistíochta (nó gníomhaireachtaí a fheidhmíonn thar a cheann) maidir le bainistiú iomlán an Chlár Oibriúcháin. Leis an Tosaíocht um Chúnamh Teicniúil clúdaítear costais, leis, a ghabhann le haisghabháil costas ceadaithe atá ag Coistí Oibriúcháin AE na nÚdarás Áitiúil (ag an leibhéal NUTS III). Clúdaíonn an tosaíocht um Chúnamh Teicniúil na costais chuí atá ag Aonad Rialúchán Airgeadais de chuid CFRE agus ag sainaonaid eile nach é sa Roinn Airgeadais chomh maith leis na costais a ghabhann le rialúcháin bhainistíochta a dhéanann an tÚdarás Bainistíochta.

Tá an Tionól Réigiúnach i mbun riarachán na tosaíochta faoi rialú foriomlán Choiste Mhonatóireachta an Chlár Oibriúcháin. I gcaitheamh na tréimhse dhá mhí dhéag ó mhí Eanáir go mí na Nollag 2009 lean an tÚdarás Bainistíochta air ag cur i ngníomh na socruithe a bhfuil gá leo chun go bhféadfadh sé a chuid freagrachtaí ar fad a chomhlíonadh maidir leis an gClár Oibriúcháin Réigiúnach agus maidir leis na Cistí Struchtúrtha ina n-iomláine. Lean na Tionóil Réigiúnacha agus a gcuid Coistí Oibriúcháin AE orthu ag comhlíonadh a bhfreagrachtaí, leis, is é sin, iniúchadh agus monatóireacht a dhéanamh ar chaiteachas a mhaoinítear ag an AE ina réigiúin féin agus fónamh ar na Coistí Monatóireachta ar a bhfuil ionadaíocht acu. Is é an caiteachas carnach go deireadh Mí na Nollag 2009 ná **€0.310m**

Cláir atá á maoiniú ag an AE Comhar Trasteorainn, Trasnáisiúnta agus Comhar Idir-Réigiúnach

INTERREG IV 2007-2013 Cuspóir um Chomhar Críche

Is é Beartas Comhtháthaithe an beartas atá ag tacú leis na mílte tionscadal ar fud na hEorpa atá ag fáil maoinithe ó Chiste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa , ó Chiste Sóisialta na hEorpa (an dá Chiste Strúchtúrtha) agus ón gCiste Comhtháthaithe. Baineann Comhtháthú eacnamaíoch agus sóisialta, de réir mar atá sainmhíniú tugtha orthu san Acht Eorpach Aonair ón mbliain 1986, le "laghdú éagothromaíochtaí idir na réigiúin éagsúla agus le laghdú cúlmhaireachta na réigiún is mídheisiúla".

Spreagann beartas comhtháthaithe réigiúin agus cathracha ó bhallstáit difriúla an AE chun obair as láimh a chéile agus chun nithe a fhoghlaim óna chéile de bharr comhchlár, chomhthionscnamh agus líonraí. Sa tréimhse 2007-2013 clúdaíonn cuspóir an Chomhar Críche Eorpaí (dá ngairtí Tionscadal Comhphobail INTERREG roimhe seo) trí saghsanna clár:

- **INTERREG IV A – Cláir Chomhair Thrasteorann**
  52 cheann de chláir chomhair thrasteorann feadh treorannacha inmheánacha an AE.
  Cion tairbhe a chuireann CFRE leis: €5.6 billiún

- **INTERREG IV B – Cláir Chomhair Trasnáisiúnta**
  13 cinn de chláir chomhair thrasnáisiúnta a chlúdaíonn limistéirí níos mó ar nós réigiúin Mhuir Bhailt, na nAlp agus na Meánmhara agus Iarthuaisceart na hEorpa.
  Cion tairbhe a chuireann CFRE leis: €1.8 billiún

- **INTERREG IV C – Clár Comhair Idir-réigiúnaigh**
  Clúdaíonn an clár comhair idir-réigiúnaigh (INTERREG IVC) agus 3 cinn de chláir líonraithe (Urbact II, Interact II agus ESPON) 27 ballstát an AE ar fad. Tugann siad creat chun taithí a mhalartú idir eagraíochtaí réigiúnacha agus áitiúla i dtíortha difriúla.
  Cion tairbhe a chuireann CFRE leis: €445 milliún

Maoiníonn Ciste Forbartha Réigiúnaí na hEorpa an chuspóir um Chomhar Críche Eorpaí agus tacaíonn le cláir chomhair thrasteorann, thrasnáisiúnta agus idir-réigiúnacha. Is ionann buiséad €8.7 billiúin na cuspóra seo agus 2.5% de leithdháileadh iomlán don mbeartas comhtháthaithe i gcomhair na tréimhse 2007-2013.

Is ról seachadta atá ag Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir i gcuid de na cláir INTERREG um Chomhar Críche:

INTERREG IV A Clár na hÉireann – na Breataine Bige – Údarás Bainistíochta, *Údarás Deimhnithe agus Comhrúnaíocht Theicniúil*

INTERREG IV B Clár Iardheisceart na hEorpa – *ionadaíocht ar Choiste Monatóireachta an Chláir agus ar Choiste Stiúrtha an Chláir; Pointe Teagmhála in Éirinn agus Rialú Céad Leibhéil*

INTERREG IV B Clár an Limistéir Atlantaigh

INTERREG IV B Clár an Imill Thuaidh – *ionadaíocht ar Choiste Monatóireachta an Chláir agus Rialú Céad Leibhéil*

INTERREG IV C – *ionadaíocht ar Choiste Monatóireachta an Chláir agus ar Choiste Stiúrtha an Chláir agus Rialú Céad Leibhéil*

Clár na hÉireann-na Breataine Bige 2007 - 2013

Is é an Tionól Réigiúnach an tÚdarás Bainistíochta agus Deimhnithe do Chlár na hÉireann-na Breataine Bige 2007-2013. Tá an Chomhrúnaíocht Theicniúil atá ina cuid den Tionól Réigiúnach lonnaithe i bPort Láirge agus tá sí freagrach as gnáthbhainistiú laethúil an Chláir i gcomhar le Tionól na Breataine Bige.

Cúlra

Tá Clár na hÉireann-na Breataine Bige ina chuid de na Cláir Trasteorainn i Sraith A. Dírítear ar chomhoibriú idir réigiúin teorann é atá in aice a chéile, chun forbairt réigiúnach chomhtháite trí chomhstraitéisí a áirithiú. Tá an Clár bunaithe ar Cháir Oibre Liospóin agus Gothenburg . Agus iomlán €52 milliún de bhuiséad deontais ó CFRE ar fáil dó tá an clár dírithe ar thacaíocht a thabhairt do chomhthionscadail chun comhoibriú ar shaincheisteanna faoi dhá phríomhthoscaíocht:

Tosaíocht 1: Eolas, Nuálaíocht agus Scileanna ar mhaithe le Fás:

- **Nuálaíocht agus Cumas Iomaíochta**
- **Scileanna agus Cumas Iomaíochta ar mhaithe le Lánpháirtiú i bhfostaíocht**

Tosaíocht 2: Athrú Aeráide agus Athghiniúint Inbhuanaithe:

- **Athrú Aeráide agus Forbairt Inbhuanaithe**
- **Athghiniúint Inbhuanaithe**

Sa gClár seo táthar ag lorg tionscadal atá chun aghaidh a thabhairt le chéile ar na dúshláin atá sonraithe i mbeartais de chuid an AE, na hÉireann agus na Breataine Bige agus a bhfuil tionchar dearfa acu ar phobail áitiúla sa limistéar trasteorainn.

Glaonna ar thairiscintí

Lainseáladh an tríú glaoch ar thairiscintí i mí an Mheithimh agus ba é an 25ú Meán Fómhair an spriocdháta atá air. Fuair an Chomhrúnaíocht Theicniúil trí iarratas déag agus baineann siad siúd leis an dá Thosaíocht1. Babhta Téamach ab ea é seo; agus níor féachadh ach ar iarratais maidir leis na téamaí cuspóra, is é sin, Tosaíocht 1 Téama 2 agus Tosaíocht 2 Téama 2.

I mí Aibreáin cheadaigh Coiste Stiúrtha an Chláir dhá iarratas déag ón dara babhta. Ba é luach an deontais iomláin a ghabh leo ná breis is €16 milliún. I measc na gcomhpháirtithe Éireannacha a ghlac páirt bhí eagraíochtaí ón earnáil oideachais tríú leibhéil, eagraíochtaí tacaíochta gnó, eagraíochtaí forbartha pobail agus eagraíochtaí ón earnáil chomhshaoil..

Imeachtaí an Chláir

Reáchtáladh tríú cruinniú Choiste Mhonatóireachta an Chláir ar an 18ú Meitheamh 2009 i nDún Laoghaire i gCo. Bhaile Átha Cliath. Tugadh an t-eolas is deireanaí don gcoiste faoi ghníomhaíochtaí an Chláir agus cheadaigh sé lainseáil an triú ghlaoigh ar thairiscintí.

Reáchtáladh ócáid thrasteorainn bhliantúil an Chláir ar an 19ú Meitheamh 2009 i nDún Laoghaire, chomh maith. Bhí Stephen Blair, Stiúrthóir Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ina chathaoirleach ar an ócáid. Lasmuigh de bheith ina hócáid thrasteorann bhí sí ina hócáid le haghaidh Bliain Eorpach na Cruthaitheachta agus na Nuálaíochta, chomh maith agus thug roinnt cainteoirí a bhfuil saintaithí ar leith agus léargais shuimiúla acu cainteanna faoin réimse seo.

Ócáid bhliantúil de chuid Clár na hÉireann-na Breataine Bige i nDún Laoghaire ar an 19ú Meitheamh 2009

Sa phictiúr ón gcúl, ar chlé: Simon Baily, Ceann an Aonaid, Clár na hÉireann-na Breataine Bige; Bethan Jones, Menter a Busnes; An Dr. David Joyner, Stiúrthóir ar Nuálaíocht Ollscoile, Bangor. Tosach, ón taobh chlé: Mary Whelan ón Líonra um Machnamh Cruthaitheach (The Creative Thinking Network); Stephen Blair, Stiúrthóir, Tionól Réigiúnach an D&O agua Mary McEvoy, Feidhmeannach Sinsearach um Forbairt Réigiúnach, Fiontar Éireann.

Tar éis don tríú glaoch ar thairiscintí a bheith déanta chuir an Chomhrúnaíocht Theicniúil ceardlann d'iarratasóirí ionchasacha ar siúl i bPorl Láirge. Cuireadh dhá cheardlann mar seo ar siúl sa Bhreatain Bheag chomh maith, chun éascaíocht a dhéanamh d'iarratasóirí ionchasacha ón mBreatain Bheag. D'fhreastail breis is 150 páirtithe a chuir suim sa chlár orthu. Cuireadh ar an eolas iad faoi riachtanais an Chláir mar a bhaineadar leis an tarna ghlaoch. Tugadh deis d'iarratasóirí, leis, a gcuid smaointe i gcomhair tionscadail a phlé le baill foirne na Comhrúnaíochta Teicniúla ag na hócáidí seo.

Rannpháirtithe ag Ócáid Bhliantúil de chuid Clár na hÉireann-na Breataine Bige i Dún Laoghaire ar an 19ú Meitheamh 2009

Ceardlann d'iarrthóirí ar mhaoiniú ó Chlár na hÉireann-na Breataine Bige i bPort Láirge ar an 12ú Lúnasa 2009

D'fhreastail comhphairtithe na n-aon tionscadal déag a ceadaíodh sa dara babhta ar cheardlann um rialú airgeadais a reáchtáladh i Llandudno sa Bhreatain Bheag ar an 20ú Deireadh Fómhair 2009. Fuair na comhphartaithe tionscadail comhairle agus treoir maidir le riachtanais airgeadais an chláir. Tugadh an deis do na tograí, leis, bualadh le foireann na Comhrúnaíochta Teicniúla ina n-aonair chun a gcuid riachtanas ar leith a phlé i ndiaidh na hócáide.

INTERREG IVB
Clár Iarthuaisceart na hEorpa 2007-2013

Cúlra

Ar an 26ú Meán Fómhair 2007 d'fhaomh Coimisiún na Eorpa Clár Eorpach um Chomhar Críche i gcomhair comhoibrithe thrasnáisiúnta idir an Bheilg, an Ghearmáin, Éire, An Fhrainc, Lucsamburg, an Ísiltír agus an Ríocht Aontaithe i dteannta rannpháirtíocht na hEilvéise. Baineann an clár leis an tréimhse 2007-2013. Is é a ghabhann leis an gClár Trasnáisiúnta um Chomhar Críche do Iarthuaisceart na hEorpa ná Tacaíocht an Chomhphobail do 93 ceantair NUTS II i dtíortha atá rannpháirteach, laistigh de chreat an Chuspóra atá le Comhair Eorpach idir Chríocha. Baineann an clár le tuairim is 180 milliún duine (2003) a chónaíonn sa cheantar incháilithe darb achar 845,000 km. Timpeall ar €696 milliún buiséad iomlán an Chláir. Is ionann infheistiú an Chomhphobail trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa ná €355 milliún. Is féidir le tionscadail iarratais a dhéanamh ar ráta deontais suas chuig 50% ó CFRE.

INTERREG IVB Clár Iarthuaisceart na hEorpa 2007-2013

Is í príomhchuspóir an Chláir ná leas a bhaint as comhoibriú idir príomhpháirtithe leasmhara agus tabhairt faoi shaincheisteanna a bhaineann le críocha ar fud limistéar Iarthuaisceart na hEorpa. Féachann an clár le cur le cumas iomaíochta eacnamaíoch an réigiúin agus é ag cur chun cinn forbartha atá cothromaithe ó thaobh na réigiún de agus atá inbhuanaithe ag an am céanna. Is clár uathúil é sa mhéid go bhfuil cur chuige trasna na n-earnálacha aige i leith forbairt chríocha, rud a chuireann chun cinn comhoibriú dlúth le hollscoileanna, le heagraíochtaí neamh-rialtas, le húdaráis phoiblí agus leis an earnáil phríobháideach chun a chinntiú go gcuirfear le comhtháthú eacnamaíoch agus shóisialta agus le cumas iomaíochta an AE. Is é an buntáiste atá ag an gClár um Chomhar Trasnáisiúnta ná go gcuirtear nascanna ar bun idir ghníomhaithe ar an leibhéal réigiúnach, náisiúnta agus trasteorann agus ar an leibhéal idirréigiúnach. Is níos de réir a chéile a chomhlánaíonn na hiarrachtaí seo gníomhaíochtaí, beartais agus cláir sna tíortha rannpháirteacha.

Chun a chinntiú go mbeidh an comhoibriú sofheicthe ní mór éachtaí nithiúla a bhaint amach sa gClár Oibriúcháin. I láthair na huaire beidh cur chuige nua an chomhoibrithe thrasnáisiúnta ag díriú ar:

- Cur chuige fadthéarmach straitéiseach
- éifeacht spreagthach a bhíonn ag tionscadail chomhoibrithe i leithinfheistíochtaí i mbonneagar

a bhfuil tábhacht thrasnáisiúnta leo

- cabhraíonn tionscadail a thugann faoi shaincheisteanna cosúla lena chéile agus comhlánaíonn

siad cláir eile

- saincheisteanna trasnáisiúnta a bhaineann leis an gceantar a shárú

Is iad seo a leanas tosaíochtaí an Chláir:

Tosaíocht 1: Eacnamaíocht eolas-bhunaithe Iarthuaisceart na hEorpa a fhorbairt trí leas a bhaint as ár gcumas nuálaíochta
Tosaíocht 2: Bainistiú inchothaithe ar acmhainní nádúrtha agus ar phriacail nádúrtha agus teicneolaíochta
Tosaíocht 3: Nascacht a fheabhsú in Iarthuaisceart na hEorpa trí bheith ag cur chun cinn iompar agus réitigh TFC atá cliste inbhuanaithe
Tosaíocht 4: Pobail láidre saibhre a chur chun cinn ar an leibhéal trasnáisiúnta

Ceapadh Michael Buckley CPA, atá ina iniúchóir ag an Tionól Réigiúnach mar Rialaitheoir Chéad Leibhéil ar gach comhpháirtí Éireannach i gClár Iarthuaisceart na hEorpa. Is é atá sa rialú Chéad Leibhéil ná scrúduithe (iniúchtaí) ar chaiteachas tionscadail atá le déanamh le linn don tionscadal a bheith á chur i ngníomh gach aon uair sara gcuirtear éileamh ar íocaíocht isteach. Baineann sé le 100% den gcaiteachas tionscadail go léir a dhearbhaítear.

I Rialú Chéad Leibhéil cuimsítear na scrúduithe seo a leanas:

- fíorú: maidir le seachadadh na dtionscadal agus na seirbhísí a ndeintear comh-mhaoiniú orthu (de réir mar a sonraítear sa bhfoirm Iarratais fhaofa);
- fíorú fóntacht an chaiteachais a dhearbhaítear;
- fíorú go gcomhlíonann a leithéid de chaiteachas rialacha an Chláir, an Chomhphobail agus rialacha Náisiúnta.

Teagmháil

Antoinette Jordan, An Pointe Teagmhála, INTERREG IVB NWE, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
Guthán +353 (0) 51 860 700 | R-phost ajordan@seregassembly.ie | Suíomh idirlín www.nweurope.eu

Michael Buckley CPA, Rialaitheoir Chéad Leibhéil, INTERREG IVB NWE, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir
Guthán +353 (0) 51 860 700 | R-phost mbuckley@seregassembly.ie | Suíomh Idirlínwww.nweurope.eu

Feidhm an Tionóil Réigiúnaigh

Tá baint ag an Tionól leis an gclár mar fheidhmeannach thar ceann bhallstát na hÉireann trí bheith ag soláthar ionadaithe ar Choiste Monatóireachta agus ar Choiste Stiúrtha an Chláir araon.

I 2009 d'fhreastail ionadaithe ón Tionól ar cheithre chruinnithe Choiste Mhonatóireachta an Chláir – PMC5: An Bhruiséil, 27 Márta 2009; PMC6: Arnhem, An Ísiltír, 24 Meitheamh 2009; PMC7: An Bhruiséil, 15-16 Meán Fómhair 2009 agus PMC8: An Bhruiséil, 7 Nollaig 2009. D'fhreastail ionadaithe ón Tionól ar dhá chruinniú Choiste Stiúrtha an Chláir i 2009. Dúnadh an ceathrú glaoch ar thairiscintí ar an 17ú Aibreán 2009 agus bhí an ceathrú cruinniú ag Coiste Monatóireachta an Chláir (PSC4) in Arnhem na hÍsiltíre ar an 25-26 Meitheamh 2009 chun féachaint ar 32 iarratas a fuarthas. Ceadaíodh seacht dtograí a tháinig isteach sa cheathrú glaoch. Dúnadh an cúigiú glaoch ar thairiscintí ar an 7ú Deireadh Fómhair agus bhí an cúigiú cruinniú ag Coiste Stiúrtha an Chláir (PSC5) sa Bhruiséil ar an 8-9 Deireadh Fómhair 2009 chun féachaint ar 36 iarratais a fuarthas. Glacadh le 12 díobh. Bhí ionadaíocht ag an Tionól ag Ócáid Bhliantúil Chlár Iarthuaisceart na hEorpa, leis. Reáchtáladh an ócáid seo i Rotterdam na hÍsiltíre ar an 8-9 Deireadh Fómhair 2009. Ag deireadh 2009 bhí €170.2m de chistiú CFRE (is ionann sin agus 51% de bhuiséad an Chláir) leithdháilte. Sna cúig glaonna tosaigh d'éirigh le 14 eagraíochtaí Éireannacha breis is €4.95 de mhaoiniú as CFRE a tharraingt chucu mar chuid de 11 thogra.

Deineann an Tionól maoirseacht ar rannpháirtiú eagraíochtaí Éireannacha agus tugann cúnamh ina leith trí bheith ina phointe teagmhála do Chlár Iarthuaisceart na hEorpa in Éirinn. Gníomhaíonn líonra trasnáisiúnta de Phointí Teagmhála mar ionadaithe dílárathe an chláir. Táid lonnaithe in gach ceann de na tíortha comhpháirtíochta agus oibríonn siad as láimh a chéile leis an Rúnaíocht Theicniúil i Lille sa bhFrainc. Ceapadh Antoinette Jordan mar Phointe Teagmhála in Éirinn i gcomhair na tréimhse 2008-2014.

Is é seo a leanas an obair a bhíonn á déanamh ag an bPointe Teagmhála ar leibhéal áitiúil, réigiúnach agus trasnáisiúnta:

- Clár Iarthuaisceart na hEorpa a chur chun cinn agus tuiscint a spreagadh i ndaoine ar na deiseanna agus ar na riachtanais a ghabhann leis le cabhair ábhair chumarsáide agus imeachtaí.
- Coincheap an chomhoibrithe thrasnáisiúnta agus an breisluach atá air a chur chun cinn.
- Feidhm deasc chabhrach: freagra a thabhairt ar fhiosruithe ginearálta faoin gclár.
- Measúnú macánta a chur ar fáil maidir le cé acu an bhfuil nó nach bhfuil aon acmhainneacht i smaoineamh tosaigh maidir leis an gClár.
- Tacú le cothú comhpháirtíocht tionscadail agus le cuardach comhpháirtithe thrasnáisiúnta.
- Comhairle a chur ar thionscnóirí tionscadail agus iad ag ullmhú iarratas trí bheith ag tabhairt dréacht-nótaí tráchta dóibh maidir leis an moladh.
- Gníomhú mar sheirbhís chaidrimh a bhfuil teacht éasca uirthi, do chomhpháirtithe faofa a bhfuil ceisteanna ar leith acu maidir le rialacha an chláir nó an AE nó a bhfuil deacrachtaí acu i dtaobh cur i ngníomh.
- Cabhrú leis an gComhrúnaíocht Theicniúil agus leis na húdaráis Interreg náisiúnta maidir le tuilleadh forbartha a dhéanamh ar an gclár nó maidir le cur i ngníomh an chláir.

I 2009 d'éascaigh na Pointí Teagmhála ceithre cinn de cheardlanna d'iarrthóirí a reáchtáladh trí mheán an Bhéarla. Cuireadh ar siúl iad i Londain ar an 21ú Eanáir 2009 agus ar an 10ú Márta 2009, i bPort Láirge ar an 10ú Meán Fómhair 2009 agus i gCardiff ar an 26ú Samhain 2009.

Thug an Seó Bóthair Interreg IVB Iarthuaisceart na hEorpa cuairt ar Dhún Dealgáin ar an 8ú Iúil 2009. Fuair comhpháirtithe ionchasacha réamheolas ar an gclár agus an deis tuilleadh a chloisint faoi thograí Éireannacha ar éirigh leo.

INTERREG IVB Seó Bóthair Iarthuaisceart na hEorpa, Dún Dealgáin, 8ú Iúil 2009

Sa phictiúr ó chlé go deis: Stephen Blair, Stiúrthóir, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir;
An Dr Paul MacArtain, IT Dhún Dealgáin; Tony Maguire, An Togra FloodResilienCity, Comhairle Cathrach Bhaile Átha Cliath;
Antoinette Jordan, Pointe Teagmhála Clár Iarthuaisceart na hEorpa in Éirinn;
Jeremy Gault, An Togra IIMCORE Coláiste Ollscoile, Corcaigh.

INTERREG IVB
Clár an Limistéir Atlantaigh 2007-2013

Cúlra

Ar an 20ú Meán Fómhair 2007 d'fhaomh Coimisiún na hEorpa Clár Eorpach um Chomhar Críche le haghaidh comhoibrithe thrasnáisiúnta idir Éire, an Spáinn, an Fhrainc, an Phortaingéil agus an Ríocht Aontaithe i gcomhair na tréimhse 2007-2013.

Is é a bhaineann leis an gClár Oibriúcháin um Chomhar Trasnáisiúnta "Limistéar Atlantach 2007-2013" ("Atlantic Area 2007-2013") ná tacaíocht ón gComhphobal do 33 cinn de limistéir NUTS II faoin gcósta sna tíortha rannpháirteacha ó Chaolas Giobráltar go Tuaisceart na hAlban. Deineann an clár difríocht do phobal 56 milliún duine (2005) a chónaíonn sa limistéar incháilithe darb achar 594.000 Km. Tá an Clár Oibriúcháin laistigh den gcreat atá leagtha amach i gcomhair na cuspóra atá le comhoibriú trasnáisiúnta san Eoraip agus tá buiséad iomlán €159 milliún nó mar sin aige. Is ionann infheistíocht ón gComhphobal trí CFRE agus tuairim is €104 milliún.

INTERREG IVB Clár an Limistéir Atlantaigh 2007-2013

I measc na dtosaíochtaí atá sonraithe sa gcuspóir Eorpach um chomhar críche is í príomhchuspóir an Chlár Oibriúcháin ná cur le comhtháthú an Limistéir Atlantaigh ó thaobh críocha de, trí struchtúir chomhoibrithe idir bhallstáit rannpháirteacha a threisiú. Chun struchtúir chomhoibrithe atá ann cheana a dhaingniú agus chun torthaí inláimhsithe i bhforbairt eacnamaíocht an eolais a bhaint amach féachann clár an "Limistéir Atlantaigh 2007-2013" le:

- oidhreacht mhara an Atlanaigh a fheabhsú;
- luach acmhainní mara an limistéir Atlantaigh a chothú:
- cur le teacht chun cinn cnuasach gníomhaíochtaí eacnamaíochta;
- inrochtaineacht agus dálaí loighisticiúla a chur chun cinn;
- cur le forbairt chothomaithe inbhuanaithe an limistéir Atlantaigh.

Ciallaíonn sé seo go bhfuil athrú nach beag i gceist ar chuspóirí foriomlána an chláir i gcomórtas le cláir a tháinig roimhe seo. Ba chláir iad seo ina raibh srian ar mhórán tionscadal sa mhéid nach raibh iontu ach staidéir nó malartú eolais. Díríonn an cineál nua comhoibrithethrasnáisiúnta i gcreat clár an "Limistéir Atlantaigh 2007-2013" ar mhórghníomhartha nithiúla, archur chuige fadtéarmach straitéiseach, ar mhalartú taithí agus ar aistriú saineolais agus spreagadh a léimeann ó thionscadal go tionscadal eile a thugann faoi shaincheisteanna cosúla.

Is iad tosaíochtaí an Chláir ná:

Tosaíocht 1: Líonraí trasnáisiúnta fiontraíochta agus nuálaíochta a chur chun cinn

Tosaíocht 2: An timpeallacht mhuirí agus cósta a chosaint, a dhaingniú agus a fheabhsú ar shlí inbhuanaithe

Tosaíocht 3: Inrochtaineacht agus naisc inmheánacha a fheabhsú

Tosaíocht 4: Sineirgí trasnáisiúnta a fheabhsú i bhforbairt inbhuanaithe uirbeach agus réigiúnach

Rannpháirtiú Réigiúnach: ATLANT-KIS PROJECT

Sa bhliain 2008 d'éirigh leis an Tionól Réigiúnach €250,000 nach mór a fháil don réigiún as CFRE trí thionscadal Atlant-Kis an Limistéir Atlantaigh. Tionscadal é seo a bhfuil Rialtas Navarra na Spáinne i gceannas air agus a bhfuil comhpháirtithe ó Éirinn, ón bhFrainc, ón Spáin, ón Phortaingéil agus ón RA ag glacadh páirte ann. Is é is cuspóir dó ná Aistriú Eolais agus Teicneolaíochta agus próisis nuálaíochta i nGnólachtaí Beaga agus Meánmhéide a fheabhsú trí chomhoibriú Seirbhísí Dianeolais (Knowledge Intensive Services – KIS) a chur chun cinn sa Limistéar Atlantach. Tugadh faomhadh don tionscadal faoi Thosaíocht 1, Cuspóir 1 agus is é €2.36 milliún an buiséad iomlán atá aige. €1.53 milliún an méid a chuireann CFRE leis. Is ionann sin agus 65%. Is é breis is €455.000 an méid comhiomlán atá á thabhairt ag CFRE do na comhpháirtithe Éireannacha.
Reáchtáladh cruinniú tosaigh i Pamplona i mí Iúil 2009. D'fhreastail Stephen Blair, Stiúrthóir, agus An Clr. Jim Holloway, Cathaoirleach, Tionóil Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ar an gcruinniú.

Teagmháil: Antoinette Jordan, Comhordaitheoir an Tionscadail Atlant-Kis, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Tigh an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge
Guthán +353 (0) 51 860 700 I R-phost ajordan@seregassembly.ie
Suíomh Idirlín www.seregassembly.ie agus http://atlanticarea.inescporto.pt/

INTERREG IVB
Clár an Imill Thuaidh
2007-2013

Cúlra

Ar an 28ú Meán Fómhair d'fhaomh Coimisiún na hEorpa Clár Comhair Thrasnáisiúnta i gcomhair na tréimhse 2007-2013 idir Éire, an Fhionlainn, an tSualainn agus an Ríocht Aontaithe. Glacann na hOileáin Faró, An Ghraonlainn, an Íoslainn agus an Iorua páirt, chomh maith. I gClár "An Imill Thuaidh 2007-2013" cuirtear tacaíocht ón gComhphobal ar fáil do na réigiúin seo a leanas laistigh de chreat na cuspóra um Chomhar idir Chríocha Eorpacha: Éire: "Teorainn, Lár na Tíre agus Iarthar" (na réigiúin Dún na nGall, Liatroim, Sligeach, Gaillimh agus Maigh Eó amháin)' "Deisceart agus Oirthear" (na réigiúin Clár, Luimneach, Corcaigh agus Ciarraí amháin); An Fhionlainn: "Itä-Suomi", "Pohjois-Suomi" agus "Länsi-Suomi" (an réigiún Keski-Suomi amháin); An tSualainn: Mellersta Norrland agus Övre Norrland; An Ríocht Aontaithe: "Oir-thuaisceart na hAlban" (an réigiún "Moireibh Thoir-Thuaidh"), "Iardheisceart na hAlban" (an réigiún "Dumfries & Galloway"), "an Ghaidhealtachd agus na hEileanan" agus "Tuaisceart Éireann" (ach amháin na réigiúin "Béal Feirste" agus "Imeall Bhéal Feirste"). Tuairim €59 milliún buiséad iomlán an chláir. Is ionann infheistiú ón Chomhphobal trí Chiste Forbraíochta Réigiúnaí na hEorpa is €35 milliún éigin. Deineann na ceithre stáit nach ballstáit iad airgeadú €10 milliún sa bhreis ar an gclár mar airgeadú atá "coibhéiseach le CFRE".

INTERREG IVB Clár an Imill Thuaidh 2007-2013

Baineann Clár an Imill Thuaidh le limistéar an-ilchineálach ar fad. Tá sé lán d'acmhainní nádúrtha, cultúrtha agus d'acmhainní daonna. Tá deiseanna comhchosúla i gcoiteann ag na réigiúin ar fud ceantar an Chláir agus caithfidh siad go léir aghaidh a thabhairt ar bhacainní comhchosúla atá ar fhorbairt. Tá an straitéis i leith chomhoibrithe bunaithe ar chomhcheangal níos dlúithe chun cuspóirí straitéisí Liospóin agus Gothenburg a bhaint amach. Is é is aidhm don gClár ná cabhrú le pobail imeallacha iargúlta ar imill thuaidh na hEorpa forbairt a dhéanamh ar a n-acmhainn eacnamaíoch, a n-acmhainn shóisialta agus ar a n-acmhainn chomhshaoil. Bainfear é seo amach de thoradh ar chomhar trasnáisiúnta i réimsí na nuálaíochta, an chumas iomaíochta gnó, na hinrochtaineachta, na forbartha inbhuanaithe, na nacmhainní nádúrtha agus na hoidhreachta cultúrtha.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí an Chláir:
Tosaíocht 1: Nuálaíocht agus cumas iomaíochta a chur chun cinn i gceantair iargúlta agus i gceantair imeallacha
Tosaíocht 2: Forbairt inbhuanaithe ar acmhainní nádúrtha
Tosaíocht 3: Cúnamh Teicniúil

Soláthraíonn an Tionól ball malartach ar Choiste Monatóireachta an Chláir.
Ceapadh Michael Buckley, CPA, gurb iniúchóir sa Tionól Réigiúnach é, mar Rialaitheoir an Chéad Leibhéil do na comhpháirtithe go léir ó Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir i gClár an Imill Thuaidh. Is é atá sa rialú Chéad leibhéil ná scruduithe (iniúchtaí) ar chaiteachas tionscadail atá le déanamh le linn cur i ngníomh an tionscadail gach uair sara gcuirtear éileamh ar íocaíocht isteach. Baineann sé le 100% den gcaiteachas tionscadail go léir a dhearbhaítear.

Teagmháil:
Michael Buckley CPA, Rialaitheoir Chéad Leibhéil, INTERREG IVB NPP, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Tigh an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge
Guthán +353 (0) 51 860 700 I R-phost mbuckley@seregassembly.ie
Suíomh Idirlín www.nweurope.eu

INTERREG IVC
Comhar Idir-réigiúnach

Cúlra

Oibríonn comhar idir-réigiúnach ar leibhéal uile-Eorpach. Baineann sé leis an 27 mballstát agus tuilleadh. Cothaíonn sé líonraí chun dea-chleachtas a fhorbairt agus chun éascaíocht a dhéanamh do mhalartú agus d'aistriú taithí idir réigiúin rathúla. Taispeánann sé an obair atá á déanamh go breá ag na réigiúin i dtreo is gur féidir leo siúd atá fós ag infheistiú leas a bhaint as na samplaí. Cuireann an clár INTERREG IVC ar chumas réigiún de chuid an AE obair as láimh a chéile agus tá a struchtúr tógtha timpeall ar dhá thosaíocht mar a léirítear thíos. €331 milliún an méid a chuirtear leis as gClár as CRFE agus is iad na tíortha rannpháirteacha ná 27 mballstáit an AE chomh maith leis an Iorua agus an Eilvéis.

An Clár INTERREG IVC 2007-2013

Tá feidhm ríthábhachtach ag údaráis agus ag luchtanna leasa ag an leibhéal áitiúil agus réigiúnach i dtreo is go mbainfear straitéisí an AE um fás, postanna agus forbairt inbhuanaithe amach. Má dheintear taithí, eolas agus dea-chleachtas i leith beartas a mhalartú, a chomhroinnt agus a aistriú beidh sé seo ina chabhair chun an chuspóir seo a bhaint amach.

Tá an clár INTERREG IVC ina chuid den gcuspóir atá le beartais na gCistí Struchtúrtha i leith Chomhar idir Chríocha Eorpacha. Baineann sé leis an tréimhse 2007-2013. Is é is sprioc dó ná éifeachtacht na mbeartas um forbairt réigiúnach a fheabhsú agus cur le nuachóiriú eacnamaíoch agus le treisiú cumas iomaíochta trí chomhar idir-réigiúnach agus é seo a dhéanamh trí bheith:

- ag cur ar cumas gníomhaithe áitiúla agus réigiúnacha ar fud an AE a gcuid taithí agus a gcuid eolais a mhalartú;
- réigiúin nach bhfuil oiread taithí acu i réimsí áirithe a thabhairt le chéile le réigiún a bhfuil níos mó dul chun c inn déanta acu i leith na réimsí sin;
- a chinntiú go n-aistreofar dea-chleachtais i gcláir phríomhshrutha na gCistí Struchtúrtha.

Is iad seo a leanas tosaíochtaí an Chláir:
Tosaíocht 1: Nuálaíocht agus eacnamaíocht an eolais
Tosaíocht 2: An comhshaol agus cosc ar phriacal

Ceapadh Michael Buckley CPA, Iniúchóir ag an Tionól Réigiúnach mar Rialaitheoir an Chéad Leibhéil ar na comhpháirtithe Éireannacha i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir atá rannpháirteach sa chlár INTERREG IVC. Is é atá sa rialú Chéad leibhéil ná scruduithe (iniúchtaí) ar chaiteachas tionscadail atá le déanamh le linn cur i ngníomh an tionscadail gach uair sara gcuirtear éileamh ar íocaíocht isteach. Baineann sé le 100% den gcaiteachas tionscadail go léir a dhearbhaítear.
I Rialú Chéad Leibhéil cuimsítear na scrúduithe seo a leanas:

- fíorú: maidir le seachadadh na dtionscadal agus na seirbhísí a ndeintear comh-mhaoiniú orthu (de réir mar a sonraítear sa bhfoirm Iarratais fhaofa);
- fíorú fóntacht an chaiteachais a dhearbhaítear;
- fíorú go gcomhlíonann a leithéid de chaiteachas rialacha an Chláir, an Chomhphobail agus rialacha Náisiúnta.

Teagmháil:
Michael Buckley CPA, Rialaitheoir an Chéad Leibhéil, INTERREG IVB NPP, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Tigh an Tionóil, Sráid Uí Chonaill, Port Láirge
Guthán +353 (0) 51 860 700 I R-phost mbuckley@seregassembly.ie
Suíomh idirlín www.interreg4c.net

TIONSCNAMH na dTAIRSEACH ATLANTACH

I 2002 foilsíodh an Straitéis Spáis Náisiúnta. Leagtar amach inti plean 20 bliana d'Éirinn d'fhonn forbairt réigiúin níos fearr a bhaint amach. Sa Straitéis Spáis Náisiúnta aithnítear an ról atá ag na cathracha agus ag réigiúin na gcathracha ó thaobh an fhorbairt seo a chur chun cinn. Aithnítear go háirithe an chomhacmhainn chun forbartha atá ag na Cathracha Tairsí dá nglaoitear 'Tairseacha Atlantacha', is é sin, Corcaigh, Luimneach/Sionainn, Gaillimh agus Port Láirge i dteannta a chéile. I 2006 foilsíodh an Tuarascáil ar Thionscnamh na dTairseacha Atlantacha. Sa tuarascáil seo míníodh an tslí ina bhféadfaí, le cur chuige comhtháite i leith forbairt na gceithre Tairseacha seo, réigiún Bhaile Átha Cliath a fhorbairt agus a chomhlánú agus a bheith ar thús cadhnaíochta chun forbairt níos cothroime na réigiún thar iarthar agus thar dheisceart oileán na hÉireann a bhaint amach. Sa tuarascáil deineadh staidéar ar fhéidearthacht 'coincheapa' nascálacha idir na Tairseacha Atlantacha agus deineadh iniúchadh d'fhonn a fháil amach cad atá ag teastáil chun 'coincheap' na dTairseacha Atlantacha a fhíorú. Tá an tuarascáil á cur i ngníomh ó 2007 i leith faoi threoir Ghrúpa Stiúrtha na dTairseacha Atlantacha, grúpa ina bhfuil ionadaithe ó na Tionóil Réigiúnacha, ó na hÚdaráis Réigiúnacha, ó Fhorbairt na Sionainne, ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil agus ó leasanna na hearnála príobháidí ar nós Cónaidhm Ghnólachtaí agus Fhostóirí na hÉireann. Ghlac an Tionól Réigiúnach le bainistiú agus riarachán an Ghrúpa Stiúrtha agus beidh tUas. Stephen Blair ina Chathaoirleach go dtí mí an Mheithimh 2010. Go dtí seo tá an grúpa ag gabháil do roinnt bhearta ó théamaí a aithníodh sa tuarascáil agus cuirtear béim ar leith ar an gceist bhunúsach sin, a bhaineann le pleanáil sna ceithre Cathracha Tairsí, chomh maith le pleanáil mórthimpeall orthu agus eatarthu. Agus an méid thuas a bheith á chur san áireamh agus tar éis dul i gcomhairle leis na hÚdaráis Réigiúnacha tá tuarascálacha ar cheithre cinn de chonairí Tairsí Atlantaí faoi leith á gcríochú ina leagtar amach creatlacha forbartha do gach aon chonaire idir-thairsí. Foilseofar iad siúd gan ró-mhoill. Is siad seo na ceithre Conairí:

- **Gaillimh-Luimneach/Sionainn**
- **Luimneach-Sionainn/Corcaigh**
- **Corcaigh-Port Láirge**
- **Port Láirge-Luimneach/Sionainn**

Sarar foilsíodh na tuarascálacha ar leith seo mí na Samhna d'fhoilsigh an tAire Ó Garmaile an Tuarascáil um Forbhreathnú ar Chreatlacha Forbartha do Chonairí na dTairseacha Atlantacha. Sa tuarascáil seo ina leagtar amach creatlach um beartas ardleibhéil do na húdaráis phleanála sna Tairseacha agus eatarthu. Reáchtáladh Seimineár Tionscnaimh faoi na Tairseacha Atlantacha ar an 20ú Samhain 2009 i Luimneach chun coincheap na dTairseacha a bhogadh chun cinn. Ag an seimineár seo tháinig daoine le chéile a bhfuil poist fhreagrachta agus
tionchair acu san earnáil phoiblí agus san earnáil phríobháideach araon, d'fhonn plé a dhéanamh agus d'fhonn tuairimí a léiriú. Thug triúr cainteoirí fíormhaithe léachtaí ag an seimineár agus ina dhiaidh sin cuireadh ceardlanna ar siúl. Thug an tUas. John McAleer arb é Stiúrthóir Údarás Réigiúnach an Iardheiscirt é, breac-chuntas ar chúlra an Tionscnaimh agus chuir sé ar aghaidh smaointe maidir leis an treo lena nglacfar san am atá amach romhainn. Léirigh an tUas. Pearce Flannery, POF Pragmatica, tuairimí na hearnála príobháidí. Mhínigh an Oll. Eamonn Murphy ó Ollscoil Luimnigh conas a d'fhéadfadh earnáil an Ardoideachais cur leis an Tionscnamh agus thug an tUas. Michael Finneran, T.D. Aire Stáit na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil an spreagaitheasc.

Pictiúr a tógadh ag Seimineár Tionscnaimh na dTairseacha Atlantacha i Luimneach.
Ó chlé:
An tUas. John McAleerStiúrthóir, Údarás Réigiúnach an iardheiscirt;
An tUas. Pierce Flannery, bunaitheoir Pragmatica;
An tUas. Michael Finneran TD, Aire Stáit na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil;
An tUas. Eamonn Murphy, Ollamh le Cáilíocht agus Staidrimh Fheidhmeacha, Ollscoil Luimnigh; Stephen Blair Stiúrthóir Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir

URBACT – Gníomhaíochtaí na "gCathracha Oscailte" 2009

Cad is URBACT ann?

Is é atá in URBACT ná clár malartaithe agus clár foghlama Eorpach a chuireann forbairt inbhuanaithe uirbeach chun cinn. Cuireann sé ar chumas cathracha oibriú i gcomhar a chéile d'fhonn réitigh a aimsiú do dhúshláin mhóra atá roimh chathracha. Agus é seo á dhéanamh aige atreisíonn sé an ról tábhachtach atá acu maidir le haghaidh a thabhairt ar na hathruithe casta sóisialta atá ag dul i méid. Cabhraíonn sé le cathracha réitigh phragmatacha nua a fhorbairt atá inbhuanaithe agus ina gcomhtháithítear gnéithe eacnamaíochta, sóisialta agus comhshaoil. Cuireann URBACT ar chumas cathracha deachleachtais agus ceachtanna atá foghlamtha acu a chomhroinnt leis na gairmithe ar fad atá rannpháirteach i mbeartas uirbeach ar fud na hEorpa.

An Tionscadal OPENCities

Is é atá in OPENCities ná tionscadal Comhairlí na Breataine atá á airgeadú ag URBACT agus a bhfuil Comhairle Chathair Bhéal Feirste i gceannas air i gcomhar le gréasán de chathracha Eorpacha. Áirítear ar na cathracha comhpháirtíochta Bilbao, Bucharest, Cardiff, Baile Átha Cliath, Dusseldorf, Nitra, Poznan, Sofia agus Vín. Is é atá in URBACT ná clár malartaithe agus clár foghlama Eorpach a chuireann forbairt inbhuanaithe uirbeach chun cinn.

Tuigeann na comhpháirtithe ar fad go bhféadfadh deiseanna iontacha do nuálaíocht agus d'fhorás ar fhorbairt shóisialta, eacnamaíochta agus chultúrtha a bheith mar thoradh ar theacht líon mór cónaitheoirí nua.

Tá i gceist ag OPENCities taiscéaladh a dhéanamh ar na slite ina bhféadfadh cathracha pobail imirceacha a mhealladh chucu agus a choinneáil agus cad iad na tionscnaimh a d'fhéadfadh cathracha a úsáid chun go roghnódh oibrithe idirnáisiúnta iad. Ní mór do chathracha gur mian leo pobail idirnáisiúnta a mhealladh agus a choinneáil a bheith ina gcathracha 'oscailte' a thugann tairiscint mhaith d'oibrithe idirnáisiúnta agus a chothaíonn timpeallacht áitiúil ina n-aithnítear ilghnéitheacht agus ina gcuirtear fáilte roimpi agus ina dtugtar saoirse smaointeoireachta agus cainte.

Féachfaidh an tionscadal ar shlite níos fearr ina bhféadfadh cathracha beartais réamhghníomhacha a fhorbairt a chabhróidh leo pobail shoghluaiste idirnáisiúnta a mhealladh agus a choinneáil. Tá tábhacht ag baint le pobail dá short maidir cuspóirí iomaíochta agus cuspóirí coinbhéirseachta araon an Aontais Eorpaigh.

FORBAIRTÍ:

- **Staidéir bhonnlíne**
  Chríochnaigh gach cathair chomhpháirtíochta staidéir bhonnlíne le linn céim fhorbartha an tionscadail. Ba é ba chuspóir do na staidéir ná oscailteacht gach cathrach ar leith agus na tionscadail a bhí ar bun acu ag an am a thaispeáint. Ba phointe tosaigh iad na staidéir seo as ar féidir linn tionchar an tionscadail a thomhas.
- **Innéacs Oscailteachta**
  Is é ceann de na cuspóirí atá le hOPENCities ná sainmhíniú coiteann a fhorbairt ar oscailteacht d'fhonn gur féidir le cathracha tagarmharcáil agus féinmheasúnú a dhéanamh. Tiomsófar sonraí chun innéacs OPENCities a líonadh thar saolré an tionscadail agus níos faide anonn. Tá staidéar féidearthachta déanta féachaint cé acu an féidir nó nach féidir oscailteacht a thomhas go hidirnáisiúnta agus tá sé ar fáil ar líne.
- **Grúpaí Tacaíochta Áitiúla**
  Cuireadh Grúpaí Tacaíochta Áitiúla ar bun i ngach ceann de na cathracha comhpháirtíochta agus tá mar chuspóir acu an méid a fhoghlaimítear ó mhalartaithe trasnáisiúnta a scaipeadh ar phairtithe leasmhara áitiúla de gach saghas agus a áirithiú go dtiocfaidh athrú chun feabhais ag an leibhéal áitiúil as na ceachtanna a foghlaimíodh ón tionscadal OPENCities. Déanfaidh gach cathair Plean Gníomhaíochta Áitiúil a bheidh mar leagáid ag an tionscadal. Sna Pleananna Gníomhaíochta Áitiúla beidh tionscadail phíolótacha nuálaíocha a bhfuil cathracha, lucht déanta beartais agus luchtanna leasa i gceannas orthu agus lena ndíreofar go gníomhach ar chonstaicí atá ar imircigh eacnamaíocha.

Ó chlé: Laura Leonard, European Unit, Belfast City Council; Derville Brennan, Programme Executive, Southern & Eastern Regional Assembly and Frances Dowds, Project Manager – Open Cities, Belfast City Council

Is Údarás Bainistíochta comhlachtaithe don tionscadal seo é Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus is í Derville Brennan ionadaí an Tionóil. Tá tuilleadh eolais faoin Tionscadal OPENCities Project ar fáil ar www.urbact.eu nó is féidir teagmháil a dhéanamh le Derville Brennan, Feidhmeannach Cláir.

Ceardlann bhliantúil do bhaill – 30ú & 31ú Eanáir 2009

Reáchtáladh ceardlann do bhaill in Óstán Faithlegg House i bPort Láirge ar an 30ú agus 31ú Eanáir 2009. Bhí freastal maith ar an gceardlann agus pléadh ábhair ar nós Fuinneamh Malartach agus Scéimeanna Caomhnaithe Fuinnimh, Teicneolaíocht Fuinneamh Toinn agus Clár Oibriúcháin Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir 2007-2013.

Tógadh an pictiúr seo ag Ceardlann do Bhaill a cuireadh ar siúl in Óstán Faithlegg House, Port Láirge

Ó chlé: An Clr. Jim Holloway, Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Majella Kelleher, Fuinneamh Inmharthana Éireann

Comhchruinniú na dTionól – 6ú Márta 2009

Thug an Tánaiste agus Aire Fiontair, Trádála & Fostaíochta, Máire Ní Chochláin T.D aitheasc ag comhchruinniú dhá Thionól Réigiúnach na hÉireann: Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair agus Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir. Bhí an cruinniú speisialta seo ar siúl i gCora Droma Rúisc, Co. Liatroma, ar an 6ú Márta 2009.

Tógadh an pictiúr seo ag Comhchruinniú na dTionól a bhí ar siúl ar an 6ú Márta 2009 in Óstán Bush, Cora Droma Rúisc, Co. Liatroma

Ó chlé: An Clr. Jim Holloway, Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, Tanaiste & Aire Fiontair, Trádála agus Fostaíochta, Máire Ní Chochláin, T.D., David Kelly, Stiúrthóir Cúnta, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir

Searmanas Duais na gCéimithe – 11ú Márta

I 2009 lean an Tionól Réigiúnach air ag tacú le 'Tráth na gCeist Óige Ar Líne do Chéimithe' (Graduate Online Youth Quiz). Tráth na gCeist saor ar líne is ea é seo do dhaltaí bunscoile agus iarbhunscoile ar fud na hÉireann. Is é is aidhm don Tráth na gCeist ná tuiscint shibhialta, shóisialta agus pholaitiúil an dalta a mhéadú ar chuma nuálaíoch, spraíúil spreagúil.

Bíonn an Tráth na gCeist ar siúl gach bliana le linn na bliana acadúla. Cuirtear sraith ceisteanna nua ar fáil ar an suíomh idirlín gach seachtain faoin iliomad ábhar ar nós na hEalaíona, an comhshaol, polaitíocht, sláinte agus sábháilteacht, an Ghaeilge, gnóthaí Eorpacha s.r.l. Ar an suíomh idirlín tugtar naisc chuig na suíomhanna idirlín agus na leathanaigh idirlín ábhartha a chabhraíonn leis na daltaí na freagraí cearta ar na ceisteanna a aimsiú. Roghnaíonn ríomhaire go randamach cúigear buaiteoirí na seachtaine gach Dé Luain agus cuirtear scéala chuig na scoileanna cuí chun a chur in iúl dóibh gur bhuaigh duine dá ndaltaí duais. Dhein Tionól an Deiscirt agus an Oirthir urraíocht ar 3 duaiseanna arb iad turais go Strasbourg iad agus bhí lá iomlán i bParlaimint na hEorpach san áireamh le gach turas. Thug cathaoirleach an Tionóil na duaiseanna do na buaiteoirí i searmanas i mBaile Átha Cliath.

Tógadh an pictiúr seo ag Searmanas na nDuaiseanna i mBaile Átha Cliath i mí Mhárta 2009

Clé do deas: Coral Denn, Buaiteoir duaise; An Clr. Jim Holloway, Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir; Nathan Lacey, Buaiteoir duaise; Marie Quinn, Oifig Parlaimint na hEorpa in Éirinn, Joanne O'Mahony, Buaiteoir duaise

Leanfar den urraíocht ar Thráth na gCeist na gCéimithe i 2010. Tá tuilleadh sonraí ar fáil ar www.graduate.ie

Tuarascáil ar Innéacs um Forbairt na dTairseacha - 2ú Aibreán 2009

Ba i dteannta a chéile a sheol Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir agus Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair an Tuarascáil ar Innéacs um Forbairt na dTairseacha i mí Aibreán 2009. Choimisiúnaigh an dá Thionól an t-innéacs seo i gcomhar leis an Aonad um Pleanáil Spáis sa Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil. Tomhasann an t-innéacs seo méid an dul chun cinn atá á dhéanamh ag na Tairseacha ceaptha mar spreagthóirí d'fhorbairt eacnamaíoch réigiúnach. Cuireann an t-innéacs an leibhéal reatha forbartha agus treochtaí san áireamh ar fud comhchreatlach príomhtháscairí ina n-áirítear táscairí daonra, fiontair, comhshaoil chomh maith le táscairí eacnamaíochta, fostaíochta agus sóisialta.

Deineadh suirbhé ar fheasacht phoiblí, chomh maith, d'fhonn léargas a fháil ar thuairimí cónaitheoirí faoin gcáilíocht saoil agus faoin faoin tslí ina bhfuil a cheapachán mar thairseach ag dul i bhfeidhm ar gach cathair/baile Tairsí. Ar na Tairseacha i Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir áirítear iad seo a leanas: Corcaigh, Baile Átha Cliath, Luimneach/Sionainn agus Port Láirge.

Tógadh an Pictiúr seo ag Seoladh na Tuarascála ar Innéacs um Forbairt na dTairseacha i mí Aibreáin 2009

Ó chlé: Kieran Moylan, Stiúrthóir Cúnta, Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár na Tire agus an Iarthair; Stephen Blair, Stiúrthóir Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir, An Clr Tom Crosby Cathaoirleach Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair; An tAire Michael Finneran; Adrian O'Donoghue, Tionól Réigiúnach na Teorann, Lár na Tíre agus an Oirthir agus Niall Cussen, An Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil

Tá baint ag an dá Thionól le chéile le hullmhúchán Suirbhé dar teideal "Public Attitudes of Irelands European Union Structural Funds Programme 2007-2013". (Dearcthaí Poiblí de chuid Clár Cistí Struchtúrtha an Aontais Eorpaigh in Éirinn 2007-2013). Stairdéar leantach é seo maidir le staidéar a dhein oifig eolais an PFN/ Creat Tacaíochta Comhphobail i gcomhair na tréimhse cistiúcháin 2000-2006. Thug an taighde seo targarmharc maidir le leibhéil feasachta sa ngnáthphobal. Tá an suirbhé reatha seo dírithe ar an taighde seo a thabhairt cothrom le dáta agus an leibhéal eolais/feasachta a dheimhniú atá ann ar Chlár Cistí Struchtúrtha na hÉireann, ar thionscadail a cuireadh i gcrích, ar chistí
AE éagsúla agus ar an tairbhe a dheinadar d'fhorbairt eacnamaíoch agus shóisialta. Chomh maith leis sin tá sé i gceist eolas agus feasacht ar Chláir Oibriucháin agus feasacht ar Chistí an AE a dheimhniú.

Cruinniú an Choiste Mhonatóireachta – 18ú Bealtaine 2009

Ag cruinniú bliantúil an choiste mhonatóireachta thug Stephen Blair, Stiúrthóir an Tionóil Réigiúnaigh, cuntas mionsonraithe ar chur i ngníomh céimneach an Chlár Oibriúcháin Réigiúnach atá á chomh-mhaoiniú as CFRE. Tuairiscíodh go raibh caiteachas breis is €151 milliún ag an gclár seo le linn 2008. Bhain an caiteachas seo le réimse téamaí ina n-áirítear tacaíocht do Mhicrifhiontair agus do Thaighde agus Leanthanbhanda. Is ionann an caiteachas seo agus 22% den gcaiteachas iomlán atá ar fáil don gClár Réigiúnach. Dúirt an tUas. Blair gur dul chun cinn suntasach é seo i bhfianaise na ndálaí eacnamaíochta atá ann faoi láthair.

Mhínigh an tUas. Blair gur cuireadh béim láidir sa Chlár Réigiúnach ar Chláir Oibre Liospóin agus Gothenburg tríd an 3 tosaíochtaí seo, Nuálaíocht agus Eacnamaíocht an Eolais, Comhshaol agus Inrochtaineacht agus Forbairt Uirbeach Inbhuanaithe agus gur deineadh dul chun cinn suntasach i 2008 a chabhróidh le hÉirinn a cuid gealltanas a chomhlíonadh de réir mar atáid sonraithe sa Chlár Athchóirithe Náisiúnta.

Ar an iomlán tá breis is €680 milliún ar fáil do Réigiún an Deiscirt agus an Oirthir faoin gClár Réigiúnach. Cuireann an tAE €147 milliún den méid seo ar fáil faoin gCiste Forbartha Réigiúnach.

D'fhonn aire an phobail a tharraingt ar an obair agus an dul chun cinn atá déanta ag an Tionól Réigiúnach ar an gClár Oiblúcháin go dtí seo eagraíodh roinnt imeachtaí poiblíochta faoin aer. Cuireadh borradh faoi na himeachtaí poiblíochta trí dhá Chraoladh Faoin Aer beo ar-an-láthair a úsáid: cuireadh ceann díobh ar siúl le Stáisiún Raidió WLR Phort Láirge agus ceann eile le Stáisiún Raidió KFM Chill Dara. Thug daoine foirne agus baill den Tionól chomh maith le tairbhithe deontais agallaimh a bhí thar a bheith faisnéiseach ar an raidió. D'éirigh thar cinn leis na himeachtaí gníomhaíochtaí an Tionóil Réigiúnaigh a chur chun cinn.

Craoladh faoin Aer le Raidió WLR, Port Láirge

Ó chlé go deas: Oliver Carroll ó Stáisiún Raidió WLR le Derville Brennan, Feidhmeannach Cláir, Tionól Réig. an D & O.

Craoladh faoin Aer le Raidió KFM, Cill Dara

Ó chlé go deas: An Clr. Paul Kelly & An Clr. Jim Holloway, Baill de Thionól Réigiúnach an D & O

Ó chlé go deas: Paul Carroll, Touchbase Technology agus an tUas. John Dunne, Raidió KFM

Comhdháil Bhliantúil & Ócáid Phoiblíochta – 2ú Deireadh Fómhair 2009

Bhí Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir ina óstach don 10ú Comhdháil Bhliantúil agus Ócáid Phoiblíochta dá chuid ar an 2ú Deireadh Fómhair 2009 in Óstán Knightsbrook i mBaile Átha Troim, Co. na Mí. Ba é téama na comhdhála ná "Innovation Challenges for SMEs" (Dúshláin Nuálaíochta atá roimh Fhiontair Bheaga agus Mheánmhéide) agus cuireadh béim ar leith ar pháipéar beartais a chuir Fochoiste Fiontair agus Infheistíochta Táirgiúla an Tionóil Réigiúnaigh le chéile. Ba í ba chuspóir don ócáid ná deis a thabhairt d'fhiontair bheaga agus mheánmhéide constaicí agus dúshláin a phlé atá rompu agus nuálaíocht á dtabhairt isteach acu dá shamhail ghnó.

Ó chlé: Tom Hayes, Manager, Rannóg HPSU, Fiontar Éireann; Stephen Blair, Stiúrthóir Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir; Tim Fritzley, POF In-Tune Networks; An Clr. Kevin Murphy, Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir; An Clr. John Ryan, Cathaoirleach, Fochoiste Fiontair agus Infheistíochta Táirgiúla; Derville Brennan, Feidhmeannach Cláir, Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir; an tOll. Kieran Byrne, Stiúrthóir, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge; Ivan Yates, Fear Fiontair, Craoltóir & Iarpholaiteoir

D'oscail an Clr. Kevin Murphy, Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir an Chomhdháil. Ar na príomhchainteoirí áiríodh an tUas. Ivan Yates ó Celtic Bookermakers, Craoltóir le Newstalk FM agus léiritheoir an chláir Business Matters de chuid TV3, an Clr. John Ryan, Cathaoirleach Fochoiste Fiontair agus Infheistíochta Táirgiúla an Tionóil Réigiúnaigh, An tUas. Tim Fritzley, POF InTune Networks, an tUas. Tom Hayes, Fiontar Éireann agus an tOll. Kieran Byrne, Institiúid Teicneolaíochta Phort Láirge.

Cur i láthair an pháipéar beatais – 29ú Deireadh Fómhair 2009

I ndiaidh don pháipéar beartais dar teideal "Innovation Challenges for SME's" a bheith seolta ag an gComhdháil Bhliantúil ar an 2ú Deireadh Fómhair tugadh an páipéar don Aire Stáit Eolaíochta, Teicneolaíochta, Nuálaíochta agus Acmhainní Nádúrtha, Conchúr Ó Luineacháin, T.D., ag cruinniú sa Roinn Fiontair, Trádála agus Fostaíochta i mBaile Átha Cliath ar an 29ú Deireadh Fómhair 2009.

Ó chlé: An Clr. Jim Holloway, An Clr. Kevin Murphy, Cathaoirleach Tionól Réigiúnach an Deiscirt agus an Oirthir; Conor Lenihan, T.D., Aire Eolaíochta, Teicneolaíochta, Nuálaíochta agus Acmhainní Nádurtha; An Clr. John Ryan, Cathaoirleach, Fochoiste Fiontair agus Infheistíochta Táirgiúla; Stephen Blair, Stiúrthóir.

Ceapacháin Foirne agus Saoire 2009

Níor ceapadh aon bhall foirne le linn 2009 mar thoradh ar mhoratóir earcaíochta.

Chríochnaigh an tUas. Alan Tobin agus an Bhean Uas. Rhona Tarrant ar mic léinn ó Ollscoil Luimnigh iad, socrúchán oibre a mhair ar feadh 6 mhí. D'éirigh go breá ar fad leo.

I mbliana bhain baill foirne leas as réimse beartas um chothromaíocht oibre is saoil lena náirítear obair pháirtaimseartha, Saoire Tréimhse Téarma, Fleisc-am, Saoire Mháithreachais, Saoire Tuismitheora agus Ríomhobair. Leanann an Tionól air ag cur chun cinn "lá na cothromaíochta oibre is saoil" dá fhoireann ar fad go bliantúil.

Saoráil Faisnéise

Tá an Tionól Réigiúnach faoi réir na nAchtaí um Saoráil Faisnéise 1997-2003 i gcónaí.Faoi mar a éilítear san Acht ní mór don Tionól Réigiúnach dhá Lámhleabhar a fhoilsiú faoi Ailt 15 & 16:

- In Alt 15 tugtar forbhreathnú ar an Tionól agus ar an tslí ina bhfeidhmíonn sé; na feidhmeanna a deintear, na seirbhísí a chuirtear ar fáil agus na haicmí éagsúla taifead atá ag an Tionól.
- In Alt 16 deintear cur síos ar rialacha, chleachtais, nósanna imeachta agus ar threoirlínte an Tionóil.

Tá Orla Kelly, Oifigeach um Saoráil Faisnéise ina hionadaí ag an Tionól Réigiúnach ar líonra na nOifigeach um Saoráil Faisnéise atá á óstú ag Bord Seirbhísí Bainistíochta an Rialtais Áitiúil. Bíonn 3 cruinnithe in aghaidh na bliana ag an líonra i mBaile Átha Cliath agus is í príomhchuspóir an líonra ná fóram a chur ar fáil d'oifigigh um Saoráil Faisnéise ó mhórán eagraíochtaí poiblí éagsúla chun saincheisteanna comhleasa maidir le Saoráil Faisnéise a phlé. Bíonn an líonra ina óstach do Chomhdháil gach bliain, chomh maith.

I gcaitheamh 2009 lean an Tionól air ag cur ar fáil torthaí cúrsaí Saoráil Faisnéise de réir na rialacha faoina bhfuil staitisicí Saoráil Faisnéise le cur faoi bhráid na Roinne Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil.

Oifig Réigiúin na hÉireann

Cuireadh Oifig Réigiúin na hÉireann sa Bhruiséil ar bun sa bhliain 2000 le tacaíocht ón Roinn Comhshaoil, Oidhreachta agus Rialtais Áitiúil chun a bheith ina hacmhainn do bhaill Éireannacha ar Choiste na Réigiún agus na n-údarás réigiúnacha a bhfuil ionadaíocht á déanamh acu dóibh. Tá forbairt déanta ar an oifig le linn an 10 mbliana seo caite mar ionad a chuireann seirbhísí eolais, tacaíochtaí beartais agus tionscadail agus feidhmeanna ionadaíochta ag leibhéal an AE ar fáil thar ceann eagraíochtaí áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn.

Le linn 2009 thug foireann na hoifige cúnamh do roinnt údarás áitiúil/réigiúnach maidir le bheith rannpháirteach i dtionscadail agus i dtograí atá á maoiniú ag an AE; ghlac sí páirt i líonraí réigiúnacha éagsúla atá bunaithe sa Bhruiséil; bhí cruinnithe aici le hoifigigh ó Fhorais Eorpacha agus le Feisirí Eorpacha chun saincheisteanna leasa a phlé; d'éascaigh teagmhálacha idir-réigiúnacha ina n-áirítear eolas a thabhairt d'ionadaithe ó réigiúin agus ó chathracha eile na hEorpa ar mian leo tuilleadh a fhoghlaim faoi dhála na hÉireann; chuir sí chun cinn obair atá bainteach leis an AE agus a bhfuil údaráis áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn rannpháirteach inti agus thug sí cúnamh maidir le roinnt cuairteanna staidéir a thug eagraíochtaí ó Éirinn ar an mBruiséil. Mar chuid dá seirbhís tugann sí amach feasachán Nuachta AE míosúil, deineann sí faisnéisiú beartais anois is arís agus cuireann sí seirbhís eolais ar fáil thar an idirlíon.

Mar chuid dá feidhm tacaíochta do thoscaireacht Éireannach i gComhairle na Réigiún dhein Oifig Réigiúin na hÉireann tuilleadh forbartha ar an tseirbhís fhaisnéisithe a thugtar do bhaill, go háirithe trí theagmhálacha feabhsaithe agus trí chruinnithe le hIonadaíocht Bhuan na hÉireann don AE.

Struchtúr agus Comhpháirtithe
Feidhmíonn Oifig Réigiúin na hÉireann ar bhonn clár oibre bliantúil a chomhaontaítear le Comhghrúpa Réigiúin na hÉireann. Chomh maith leis sin, cothaíonn sí naisc dhíreacha le struchúir rialtais áitiúla agus réigiúnacha in Éirinn agus socruithe oibre comhaontaithe le heagraíochtaí ábhartha eile nach iad. Tá tuilleadh eolais ar fáil ag www.iro.ie

Comhghrúpa Réigiúin na hÉireann

Is é comhghrúpa Réigiúin na hÉireann an eagraíocht ionadaíochta náisiúnta d'ocht nÚdarás Réigiúnach na hÉireann agus do dhá Thionól Réigiúnach na hÉireann. Is iad na cuspóirí atá aige ná comhthuairim a chuid ball a chur in iúl ar nithe a bhaineann lena gcuid comhachtaí agus dualgaisí chomh maith leis na feidhmeanna a bhfuil freagrachtaí reachtúla acu ina leith. Chomh maith leis sin cuireann sé comhairle ar fáil don Rialtas faoi nithe a bhaineann le forbairt eacnamaíochta agus shóisialta ina n-áirítear gnóthaí a bhaineann le forbairt chothromaithe na réigiún.

Tá d'aidhm ag an gComhghrúpa, leis, malartú eolais agus taithí a éascú idir a chuid ball. Áirítear air seo cruinnithe, comhdhálacha agus seimineáir a eagrú agus foilseacháin a chur amach a chuireann a chuspóir chun cinn, is é sin, cáilíocht na seirbhíse a fheabhsú a fhéadann na baill a thabhairt dá n-údaráis agus don bpobal. Is iad Cathaoirligh agus Stiúrthóirí na nÚdarás Réigiúnach agus na dTionól Réigiúnach atá i gComhghrúpa Réigiúin na hÉireann.

Comhdhálacha agus Seimineáir

Bhí ionadaíocht ag an Tionól Réigiúnach ag na Comhdhálacha/Seimineáir seo a leanas le linn 2009:

Teideal	Áit	Ionadaithe
ICLRD Forbairt Réigiúnda a bhaint amach	Leitir Cheannainn, Co. Dhún na nGall	1
Comhdháil AMAI	Leitir Cheannainn, Co. Dhún na nGall	1
Coinbhinsiún um Rialtas Áitiúil 09	Cill Áirne, Co. Chiarraí	1
Cumarsáid Éifeachtúil do Chomhairleoirí	Port Láirge	2
Seimineár um Rialtas Áitiúil agus Fuinneamh Inathnuaite	Sligeach	1
Iontaobhas Oidhreachta Choilm Cille	Leitir Cheannainn, Co. Dhún na nGall	2
Comhghrúpa na gComhairlí Contae agus Cathrach	Cill Choinnigh	2
Comhdháil Bhliantúil Tionól na Teorann, Lár na Tíre agus an Iarthair	Ros Comáin	2
Comhdháil Fóram na Tríú Earnála	Corcaigh	3
Comhdháil Shíochána Thiobraid Árann	Tiobraid Árann	1
Ag tacú le cúramóirí teaghlaigh	Baile an Ghearlánaigh	2
Seimineár um Chairdeamh Poiblí agus um Thraenáil sna Meáin	Leitir Cheannainn, Co. Dhún na nGall	1
Comhdháil Oideachais Kerry Life	Ciarraí	5
An 10ú Comhdháil Bhliantúil an D&O	Co. na Mí	14
Seimineár Rialachais Áitiúil	Leitir Cheannainn, Co. Dhún na nGall	2
Comhdháil Turasóireachta an Chláir	Aontroim	3
Teicneolaíochtaí Faisnéise agus Cumarsáide do Chomhairleoirí	An Longfort	1
Teidlíochtaí Ionadaithe	Gaillimh	1
Fuinneamh Malartach ag feabhsú ar do Lorg Carbóin	Gaillimh	1
Eitic sa Saol Poiblí	Sligeach	1
Comhionannas agus Éagsúlacht in Éirinn sa Lá atá inniu ann	Trá Lí, Co. Chiarraí	1

Foireann an Tionóil Réigiúnaigh

David Kelly
Stiúrthóir Cúnta

Derville Brennan
Feidhmeannach Cláir

Sonja Maurus
Feidhmeannach Cláir

Sharon Crotty
Feidhmeannach Cláir

Vincent Dunphy
Feidhmeannach Cláir

Michael Buckley
Iniúchóir

Antoinette Jordan
Oifigeach Caidrimh Chláir

Orla Kelly
Oifigeach Foirne

Karen Coughlan
Oifigeach Foirne Cúnta

Foireann an Tionóil Réigiúnaigh

Eve Hayden
Oifigeach Foirne Cúnta

Breda White
Oifigeach Cléireachais

Oonagh Hearne
Oifigeach Cléireachais

Yvonne Cooney
Oifigeach Cléireachais

Siobhan Curran
Oifigeach Cléireachais

Foireann Comhrúnaíocht Theicniúil Clár na hÉireann-na

Simon Baily
Ceann Aonaid

Cathal Reilly
Oifigeach Airgeadais Sinsearach

Siobhán Rudden
Oifigeach Forbartha

Rita McGarvey
Oifigeach Tionscadail

Therese Curran
Oifigeach Tionscadail

Breda Curran
Oifigeach Tionscadail

Caitriona Phelan
Oifigeach Cléireachais

Edel Hunt
Oifigeach Cléireachais

Cuntais Chomhdhlúite Ioncaim agus Caiteachais don Bhliain Airgeadais dar críoch 31ú Nollaig 2009

Ioncam	**Cuntas chomhdhlúite 2009**	**Cuntas comhdhlúite 2008**
Ranníocaíochtaí ó na hÚdaráis Áitiúla	1,269,062	1,302,763
Roinn Airgeadais	324,000	175,000
Aisghabháil Thuarastail ó Chláir de chuid an AE	250,866	109,094
Contra Aoisliúntais	37,520	35,467
Contra	104,338	734,873
Staff Travel Recoupment from EU Programmes	6,773	0
Aisghabháil ó INTERREG i leith taisteal foirne	5,000	5,000
Nithe ilghnéitheacha	64,621	43,339
Aisghabháil ó Chláir AE	1,528,834	431,019
Aisghabháil ó Chúnamh Teicniúil	369,675	21,720
Aisghabháil i leith íostarraingt Cúnaimh Theicniúil Recoupment	0	1,056,295
Fáltais ó Chomhdhálacha Bliantúla	0	12,650
Nithe eile	0	1,644,127
Cistiú Meaitseála	151,977	0
Iomlán	**4,112,667**	**5,571,348**
Caiteachas		
Costais Phárolla	1,450,318	1,425,404
Taisteal agus Cothú - Foireann	94,660	134,441
Liúntais Bhliantúla. Art 35 (1)	74,524	118,080
Taisteal Alt 35 (2) (A)	27,311	32,841
Asbhaint maidir le Pinsean	37,218	0
Táillí Comhdhála	8,399	11,585
Trealamh & Soláthairtí oifige & Conarthaí	35,866	52,519
Costais Fuinnimh	16,117	13,456
Post & Guthán	21,159	36,153
Cíos, Rátaí agus Muirir Uisce	143,761	142,805
Deisiú agus Cothabháil	28,799	27,781
Árachas	12,659	12,969
Tuarascáil Bhliantúil	6,085	8,082
Táillí Proifisiúnta	33,484	33,629
Caidreamh Poiblí	34,436	109,083
Ranníocaíochtaí	22,290	21,773
Táillí Bainc	1,134	1,177
Sláinte agus Sábháilteacht	2,145	943
Cúnamh Teicniúil - Tionól	112,031	255,586
Cúnamh Teicniúil - Údaráis Réigiúnacha	159,156	4,559
Cúnamh Teicniúil – Tionscnamh na dTairseacha Atlantacha	4,891	0
Cúnamh Teicniúil – Monatóireacht agus Bainistíocht	3,397	0
Cláir AE – Íocaíochtaí Tionscadail	483,960	0
Nithe Ilghnéitheacha	11,010	44,530
EU Programmes – Match Funding	81,977	132,000
Cúlchiste Ginearálta	60,000	0
Muirear Dímheasa	28,939	25,798
Clár Oibriúcháin um Chomhar Críche	18,267	5,537
Íocaíochtaí Fo-thionscadail ESTIIC	0	329,341
An Scéim WIN	5,114	3,974
Contra	104,338	976,753
Contra Aoisliúntais	35,971	35,467
Iomlán an Chaiteachais	**3,159,417**	**3,996,267**
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachais	**953,250**	**1,575,081**
Iarmhéid @ tosach na Bliana	**2,945,222**	**1,370,140**
Iarmhéid @ deireadh na Bliana	**3,898,472**	**2,945,222**

	Cuntas comhdhlúite 2009	Cuntas comhdhlúite 2008
	€	€
Sócmhainní seasta	98,632	48,917
Sócmhainní reatha		
Airgead tirim sa bhanc	4,100,872	3,176,980
Stoc		
Feichiúnaithe	452,353	286,387
	4,553,225	3,463,367
Dliteanais reatha		
Creidiúnaithe agus fabhruithe	624,040	514,828
Cárta Creidmheasa	1,016	0
Rótharraingte ag banc	0	52,233
	625,056	567,061
Glan-Shócmhainní reatha	3,928,169	2,896,305
Glan-Shócmhainní	4,026,801	2,945,222
Arna airgeadú ag		
Iarmhéid @ tosach na bliana	2,945,222	1,370,140
Barrachas Ioncaim thar Chaiteachas	953,249	1,575,081
Cúlchiste Ginearálta	60,000	0
Athluacháil ar Shócmhainní Seasta	68,330	0
	4,026,801	2,945,222